
Iarnród Éireann

Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais **2010**



# Ag freastal ar an bpobal sa saol atá i mbun athrú

PRN. A11/0222



# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| Athbhreithniú ar Oibríochtaí | 2 |
| Stiúrthóirí agus Faisnéis eile | 12 |
| Tuarascáil na Stiúrthóirí | 14 |
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí | 18 |
| Tuarascáil na nIniúchóirí | 19 |
| Príomhbheartais Chuntasaíochta | 21 |
| Cuntas Brabúis agus Caillteanais | 23 |
| Clár Comhardaithe | 24 |
| Ráiteas ar Shreabhadh Airgid | 25 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 26 |


Is mian le hIarnród Éireann a mbuíochas a chur in iúl le Rialtas na hÉireann as an maoiniú le haghaidh tionscadail mhóra faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 agus leis an Aontas Eorpach as an gcómhaoiniú.

# Athbhreithniú ar Oibríochtaí



## Léargas Ginearálta

In ainneoin na timpeallachta crua trádála dá bhfuil ann faoi láthair, choinnigh IÉ orthu ag díriú ar bhaint amach a gcuid spriocanna dá gcuid páirtithe leasmhara. Rinne IÉ an méid seo trí dhíriú go mór ar laghdú costais agus ar bhainistíocht ioncaim agus trína chinntiú gurb í an tsábháilteacht an phríomhthosaíocht i gcónaí.

Chinntigh foireann IÉ, i ndiaidh tréaniarracht a dhéanamh, gur lean na seirbhísí iarnróid uile i mbun feidhme le linn an dúgheimhridh i mí Eanáir agus i mí na Nollag 2010. Cuireadh isteach go mór ar mhodhanna eile iompair agus ba é aistriú cóir iompair go hiarnród a bhí mar thoradh air seo. Bhí tionchar dearfach airgeadais aige seo ar an gcuideachta ar ndóigh.

Leathnaíodh an gréasán in 2010; osclaíodh dhá bhealach nua de thoradh infheistíocht Iompar 21. Osclaíodh an líne idir Dún Búinne/Ollpháirc M3 agus Cluain Saileach agus Bealach Iarnróid an Iarthair idir Luimneach agus Gaillimh le linn na bliana.

Osclaíodh Cluain Ghrífín, stáisiún DART a thóg forbróir, agus tá stáisiún DART Bhóthar Lansdún ag baint tairbhe as na feabhsúcháin a rinneadh faoi choinne rochtana ar Staidiam úr Aviva.

Cé go ndearna Iarnród Éireann a seacht ndícheall a chinntiú go gcoinneofar na seirbhísí DART, comaitéara agus Idirchathrach ar mhóramh na mbealaí i mbun feidhme i rith an chúlaithe gheilleagraigh, d'fhormheas an tÚdarás Iompair Náisiúnta iarratas na cuideachta seirbhísí a chur ar fionraí ar an líne idir Ros Láir agus Port Láirge siocair nach mbaintear mórán úsáide aisti agus go bhfuil airgead á chailleadh uirthi.

Cuireadh na sceidil ar dhrong bhealaí chun feabhais in 2010 agus bhí an rath faoi thriail chun teicneolaíocht Wi-Fi a chur ar fáil ar seirbhísí Bhaile Átha Cliath-Chorcaí. Tabharfar Wi-Fi isteach i gcabhlach iomlán Bhaile Átha Cliath-Chorcaí in 2011.

**IN AINNEOIN NA TIMPEALLACHTA CRUA TRÁDÁLA DÁ BHFUIL ANN FAOI LÁTHAIR, CHOINNIGH IARNRÓD ÉIREANN ORTHU AG DÍRIÚ AR BHAINT AMACH A GCUID SPRIOCANNA DÁ GCUID PÁIRTITHE LEASMHARA.**

## Riosca

### 1.1 Bainistíocht Riosca

Is í an tsábháilteacht an phríomhthosaíocht d'Iarnród Éireann. Déantar sábháilteacht an iarnróid a bhainistiú ar bhonn anailís riosca agus trí shraith caighdeán atá mar bhunús le Córas Bainistíochta Sábháilteachta.

### 1.2 Córais Bhainistíochta Sábháilteachta

#### 1.2.1 Iarratas ar Dheimhniú/Údarú chuig an RSC

Leanadh ar aghaidh de réir an phlean maidir le cur isteach cáipéisí um Chóras Bainistíochta Sábháilteachta chuig an RSC mar thacaíocht d'iarratas ar údarú IÉ mar Bhainisteoir Bonneagair agus ar dheimhniú mar Ghnóthas Iarnróid. Tá an próiseas seo ina cheanglas reachtaíochta. Cuireadh i gcrích é i mí na Nollag 2010 agus d'eisigh an RSC an uile dheimhniú i mí Eanáir 2011.

**Seo a leanas na príomhráitis bheartais:**

- Is é beartas Iarnród Éireann na hoibleagáidí reachtúla faoi reachtaíocht sábháilteachta na hÉireann agus na hEorpa a chomhlíonadh.
- Is é beartas Iarnród Éireann oibriú sábháilte an chórais iarnróid agus sábháilteacht na ndaoine a phléann le hoibriú an iarnróid a chinntiú, a mhéad is indéanta le réasún.
- Is é beartas Iarnród Éireann measúnú a dhéanamh ar rioscaí sábháilteachta do dhaoine a d'fhéadfaí a thuar agus a thaispeáint gur infhulaingthe agus gur rialaithe na rioscaí a shainaithnítear.

**Seo a leanas na príomhphrionsabail:**

- Tá sé de dhualgas ar gach bainisteoir de chuid Iarnród Éireann cultúr sábháilteachta a chur chun cinn.
- Tá bainisteoirí líne freagracha de chuid Iarnród Éireann go díreach freagrach as sábháilteacht cheirde, as sábháilteacht oibriúcháin agus as sábháilteacht sócmhainní do na hionaid oibre agus don trealamh faoina gcúram.
- Sainaithnítear guaiseacha, déantar measúnú ar rioscaí agus cuirtear gníomhartha réamhchúramacha/maolaithe i bhfeidhm le srian a chur leis an dóchúlacht go dtarlóidh timpistí/teagmhais, agus leis an riosca san iomlán a laghdú dá bharr.

# Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

- Tugtar Ráitis ar Fhreagracht Sábháilteachta do bhainisteoirí agus do mhaoirseoirí agus caithfidh siad glacadh leo. Déantar cur síos sna ráitis seo ar a gcuid dualgais agus freagrachtaí sábháilteachta.

### 1.2.2 Bainistíocht Sábháilteachta sna Rannóga

Tugadh Córais nua Bhainistíochta Sábháilteachta (SMSanna) isteach sna réimsí rannóige a leanas: an fheidhm Innealtóireachta Meicniúla, innealtóireacht shibhialta agus comharthú, innealtóireacht teileachumarsáide agus leictreach, chomh maith le hOibreacha Nua.

Tá struchtúr úr athbhreithnithe SMS forbartha i gcomhair na rannóg oibriúcháin leis.

### 1.2.3 Oiliúint Sábháilteachta

Rinneadh forbairt ar threalamh úr oiliúna do thiománaithe, a bhaineann leas as ionsamhlóirí sofaisticiúla, agus tugadh isteach é in Inse Chór agus i Mala. Cuireann an trealamh ar chumas tiománaithe eispéireas a bhrath ar chásanna dúshlánacha i dtimpeallacht údarach atá saor ó rioscaí. Tá oiliúint ghinearálta sábháilteachta ar bun go leanúnach, lena n-áirítear seachadadh oiliúna maidir le Cumarsáid atá Ríthábhachtach ó thaobh na Sábháilteachta de ar bhonn ilréimsiúil.

## 1.3 Tuarascáil agus Moltaí RAIU i dtaobh Tharbhealach Mhullach Íde

Chuir an tAonad neamhspleách um Imscrúdú ar Thimpistí Iarnróid (Rail Accident Investigation Unit/RAIU) a dtuarascáil ar thimpiste Tharbhealach Mhullach Íde, a tharla i mí Lúnasa 2009, i gcló an 16 Lúnasa 2010. Leagadh síos trí mholadh déag sa tuarascáil d'Iarnród Éireann lena gcur i ngníomh, moladh amháin don Choimisiún Sábháilteachta Iarnróid (RSC), agus cómholadh d'Iarnród Éireann agus don RSC araon.

Cuireadh plean gníomhaíochta Iarnród Éireann i láthair ag cruinniú Bhord Iarnród Éireann i mí Iúil 2010 sular foilsíodh tuarascáil an RAIU agus choimeád an RAIU cuntas ar an méid sin. Cuireadh ráiteas mionsonraithe ar dhul chun cinn san áireamh i gCodanna 43 agus 44 de thuarascáil deiridh an RAIU.

Tá an-dul chun cinn déanta ag Iarnród Éireann maidir leis an bplean gníomhaíochta a comhaontaíodh d'fhonn moltaí na tuarascála a chur i bhfeidhm, agus tá an obair seo ar bun go fóill.

## 1.4 Sábháilteacht Crosairí Comhréidhe

I mí an Mheithimh 2010, chuir oibreoirí iarnróid ar fud na hEorpa feachtas feasachta ar shábháilteacht crosairí comhréidhe chun cinn. In Éirinn, leag Iarnród Éireann i gcomhar leis an gCoimisiún Sábháilteachta Iarnróid béim ar na rioscaí a bhaineann le húsáid chontráilte crosairí láimhe. Tá comharthaíocht nua níos soiléire ag crosairí comhréidhe d'úsáideoirí bóithre ina cuid lárnach den phlean gníomhaíochta leis na rioscaí atá ann d'úsáideoirí bóthair agus iarnróid a laghdú níos mó.

Sa mhullach air sin, bhí feachtas náisiúnta teilifíse ar siúl i rith dheireadh seachtaine lá saoire bainc Lúnasa le feasacht an phobail a mhéadú ar na contúirtí a ghabhann le mí-úsáid crosairí comhréidhe. Tá feachtas réamhghníomhach ar bun le Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann freisin le cleachtas sábháilte ag crosairí comhréidhe tuaithe a spreagadh i measc a n-úsáideoirí.

## 1.5 Cleachtaí éigeandála

Reáchtáladh cleachtadh éigeandála iarnróid san Ionad Náisiúnta um Chomhordú Éigeandála, Áras Talmhaíochta, Sráid Chill Dara, an 17 Feabhra 2010. D'eagraigh foghrúpa den Mheitheal Náisiúnta um Bainistiú Móréigeandálaí an cleachtadh agus ghlac Iarnród Éireann páirt ann.

Sainaithníodh traidhfil riachtanais forbartha agus scaipeadh moltaí i measc na rannpháirtithe ábhartha. Ghlac Iarnród Éireann le moltaí i ndáil le cúrsaí cumarsáide, trealamh ardaithe throm agus deacrachtaí rochtana agus tá gníomhartha ar bun acu ina leith.

I gcás eile, tugadh faoi chleachtadh éigeandála na seirbhíse otharcharranna i mBéal Átha na Sluaighe an 2 Nollaig 2010. Ghlac Iarnród Éireann páirt sa chleachtadh seo chomh maith.

## 1.6 Tástáil drugaí agus alcóil

De réir cheanglais na reachtaíochta reatha i leith sábháilteacht iarnróid, tá tástáil randamach gan choinne curtha i bhfeidhm ag Iarnród Éireann ar fhoireann ríthábhachtach le haghaidh drugaí agus alcóil, i dteannta tástáil "ar chúis" agus tástáil iartheagmhais.

# Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

## 2. Soláthar Seirbhíse

### 2.1 Leanúnachas seirbhísí i rith dúgheimhridh


Leanadh ar aghaidh leis na seirbhísí Idirchathrach, Comaitéara agus DART i rith na hanróiteachta i mí Eanáir agus i mí na Nollag 2010. B'an-dearfach go deo eispéireas na gcustaiméirí. Bhain IÉ leas as Twitter agus as an idirlíon le faisnéis fíor-ama do phaisinéirí a scaipeadh i measc na gcustaiméirí ionchasacha go gasta.

D'éirigh le leanúnachas na seirbhísí a bhuíochas le comhordú agus rialú dlúth na n-oibríochtaí agus na n-acmhainní innealtóireachta allamuigh agus le cur i bhfeidhm 'straitéis príomhbhealaigh'. Chun an méid seo a bhaint amach, tiomnaíodh na hacmhainní a bhí ar fáil do chothabháil oibriú na bpríomhacomhal agus na bpríomháiseanna a bhí riachtanach leis na bealaí móra a choinneáil ar oscailt. Bhí aistriú na foirne ó fhreagrachtaí nach raibh chomh tromchúiseach sin ó thaobh cúrsaí ama de go tosaíochtaí ní ba láithrí ina chuid thábhachtach de na pleananna teagmhais a cuireadh chun feidhme freisin.

### 2.2 Staitisticí bliantúla feidhmíochta

Bhí Conradh Seirbhíse Poiblí (PSC) i bhfeidhm leis an NTA i gcomhair seirbhísí a cuireadh ar fáil le linn 2010.


D'éirigh níos fearr leis na bealaí aonair DART, Comaitéara agus Idirchathrach ar fad, ach amháin bealach Chathair na Mart, ná mar a rabhthas ag súil leis i sprioc an PSC.




B'ionann an sprioc seo agus 90% de na traenacha ag teacht in am nó laistigh de dheich nóiméad den sceideal. Ba é 93.4% an mheánfheidhmíocht a gnóthaíodh sna bealaí uile.

### 2.3 Cur i bhFeidhm Cártaí Cliste

Tugadh isteach an Cárta Cliste Iarnród go rathúil, mar bheart eatramhach roimh an gcóras lán-chomhtháite ticéadaithe, lena úsáid i gcomhair seirbhísí DART agus Comaitéara laistigh de 'chrios an aistir bhig' (an limistéar a ndéanann Baile Brigín teorainn leis ó thuaidh, Maigh Nuad agus Collchoill siar uaidh agus na Clocha Liatha/ Cill Chomhghaill ó dheas). Tá na geataí agus na cuaillí riachtanacha 'clibeála/díchlibeála' suiteáilte sna stáisiúin sa cheantar forfheidhmithe. Tá os cionn 26,000 Cárta Cliste Iarnróid á n-úsáid faoi láthair agus is é seo a leanas briseadh síos na gcártaí:




### 2.4 Féinseirbhís do Chustaiméirí

Lean Iarnród Éireann dá straitéis in 2010 maidir le modhanna féinseirbhíse ar chostas níos ísle a chur chun cinn d'fhonn idirbhearta a dhéanamh leis na custaiméirí. Leanadh den mhéadú ar dhíol ticéad Idirchathrach tríd an suíomh gréasáin, www.irishrail.ie; gineadh níos mó ná €30 milliún ó ioncam ó phaisinéirí tríd an suíomh gréasáin in 2010.

Ina theannta sin, lean Iarnród Éireann den fhorbairt ar a gcuid straitéisí bainistíochta toraidh trí rialuithe cuóta a thabhairt isteach ar tháillí lascainithe seachbhuaice.

Maidir le réimsí an DART agus na Comaitéireachta, bhí laghdú ar spleáchas Iarnród Éireann ar oifigí áirithinte le foireann a bhuíochas le tuilleadh úsáide as uathdhíoltóir ticéad agus le tabhairt isteach Cártaí Cliste Iarnróid.

### 2.5 Triail Wi-Fi Idirchathrach

Eagraíodh triail ar áiseanna Wi-Fi do chustaiméirí Idirchathrach ar bhealach Bhaile Átha Cliath-Chorcaí, Traein Múnla 4, in 2010, agus bhí na paisinéirí an-tógtha leis.

# Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

Tá tairiscint ar siúl i láthair na huaire faoi choinne chur i bhfeidhm buan na seirbhíse ar bhealach Bhaile Átha Cliath-Chorcaí, agus táthar ag súil go leathnófar amach í sa chéad leath den bhliain 2011. Tá scrúdú á dhéanamh faoi láthair ar fhairsingiú breise an Wi-Fi ar gach bealach eile Idirchathrach.

## 2.6 Amanna Laghdaithe Taistil ar Bhuaicsheirbhísí Idirchathrach

Tugadh mearsheirbhísí maidine agus tráthnóna isteach in 2010 idir Corcaigh agus Baile Átha Cliath lena mbaineann am aistir 2 uair agus 30 nóiméad, agus idir Gaillimh agus Baile Átha Cliath lena mbaineann am aistir 2 uair agus 15 nóiméad. Táthar in ann Baile Átha Cliath a shroicheadh roimh a naoi a chlog ar maidin de bharr na seirbhísí mealltacha ar leith seo.

## 2.7 Bainistíocht Carrchlós

Tá tús curtha le triail nuálach "íoc trí théacs" sna carrchlóis ag na stáisiúin seo a leanas: Droichead Átha, Dún Dealgan, Baile Átha Luain, Cúil Mhín, Collchoill, Deilginis, agus Bóthar Chluain Tarbh. Íocann custaiméirí as a gcuid táillí páirceála sa phróiseas seo trí úsáid a bhaint as a nguthán phóca. Cuireann an córas seo go mór le háisiúlacht na gcustaiméirí agus má bhíonn sé iontaofa, leathnófar amach é sna carrchlóis ag na stáisiúin uile.

## 2.8 Scor Sheirbhís Phort Láirge/Ros Láir

Tar éis chinneadh Bhord an Údaráis Iompair Náisiúnta an 3 Meán Fómhair 2010 i dtaca le hiarratas Iarnród Éireann a fhormheas chun seirbhísí traenach ar bhealach Phort Láirge/Ros Láir a stopadh, cuireadh deireadh leis an tseirbhís Dé Sathairn, an 18 Meán Fómhair 2010. Ní raibh san ioncam a saothraíodh ón mbealach seo ach 2% de chostais oibriúcháin an bhealaigh. Níorbh fhéidir leanadh den tseirbhís toisc go rabhthas ag cailleadh €1.5 in aghaidh na bliana.

De bharr iarratais ó Iarnród Éireann, chuir Bus Éireann tús le sceidil nua bus Dé Luain, an 20 Meán Fómhair, do dheisceart Chontae Loch Garman le freastal ar riachtanais an phobail áitiúil sa cheantar, lena n-áirítear iad siúd a d'úsáideadh an tseirbhís iarnróid. Téann seirbhísí nua Bhus Éireann go díreach go hInstitiúid Teicneolaíochta Phort Láirge (WIT) agus go lár chathair Phort Láirge ós rud é gur mhic léinn de chuid WIT den chuid ba mhó a bhain leas as an iarsheirbhís iarnróid.

## 2.9 Creidiúnú Cáilíochta na hInnealtóireachta

Is féidir creidiúnú cáilíochta a shaothrú do chórais innealtóireachta ach roinnt caighdeáin aitheanta tionscail a bhaint amach, lena n-áirítear:

- ISO 9001 i gcomhair creidiúnú i bpróiseas gnó
- OHSAS 18001 i gcomhair creidiúnú i sábháilteacht agus sláinte cheirde
- ISO14001 i gcomhair creidiúnú i mbainistíocht dramhaíola agus comhshaoil

Tá Rannóg an Phríomhinnealtóra Mheicniúil in Iarnród Éireann tar éis creidiúnú a ghnóthú maidir le ISO 9001 agus OHSAS 18001, agus tá an próiseas ar bun anois leis na caighdeáin a ardú d'fhonn creidiúnú a bhaint amach i rannóga eile innealtóireachta Iarnród Éireann.



# Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

## 3. Airgeadas

### 3.1 Torthaí dheireadh na bliana 2010

B'ionann an caillteanas oibriúcháin don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010 agus €14.2m agus b'ionann an caillteanas iomlán agus €36m i ndiaidh íocaíochtaí téarfa dheonaigh €21.8m a chur san áireamh.

Lean Iarnród Éireann ar aghaidh den laghdú ar a mbonn iomlán costais in 2010. Tháinig laghdú €12.8m ar na costais oibriúcháin. Tháinig laghdú €7.4m ar an ioncam agus bhí laghdú €15.5m ar fhóirdheontas an Rialtais, áfach. Cé gur chuir Iarnród Éireann in iúl go bhfuil siad lán-ábalta déileáil le laghduithe ar ioncam nó ar fhóirdheontas den mhéid a bhí le sonrú, tá an dá cheann acu i dteannta a chéile i ndiaidh brú mór a chur ar thoradh oibriúcháin an ghnólachta.

Bhí ranníocaíocht dhearfach €0.8m ón ngnó lasta in 2010 mar thoradh ar athstruchtúrú mór ar ghnó an lasta iarnróid agus ar an díriú ar shraith sruthanna brabúsacha tráchta maidir le haonualach traenach ó phointe go pointe agus ar sheirbhísí coimeádáin aonualach traenach iompórtála/easpórtála.

### 3.2 Cistí scairshealbhóra

Thit cóimheas na nglansócmhainní le scairchaipiteal glaoite faoi bhun 50% le linn 2010. Dá bhrí sin, thionóil stiúrthóirí na cuideachta Cruinniú Ginearálta Urghnách (EGM) na scairshealbhóirí. Tar éis dearbhú a fháil faoi fhormheas an Aire Iompair, i dteannta toiliú an Aire Airgeadais, thionóil Iarnród Éireann EGM eile le hathrú Mheabhrán agus Airteagail Chomhlachais na cuideachta a éascú d'fhonn méadú ar a scairchaipiteal a cheadú. Ba éard a bhí i gceist leis seo caipitliú iasachta idirchuideachta €99,039,564 le CIÉ agus eisiúint 78m scair ag €1.269738 an ceann chuig CIÉ mar mhalairt air sin. Is ionann scairchaipiteal eisithe agus údaraithe Iarnród Éireann faoi láthair agus €194,269,914.

### 3.3 Oibleagáidí na hEorpa lena mbaineann rochtain ar bhonneagar iarnróid

Foráiltear le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bonneagar Iarnróid) 2010 scaradh na gcuntas faoi mar a cheanglaítear faoi Threoracha na gComhphobal Eorpach 91/440/CE agus 2001/14/CE, arna leasú.

Ceanglaítear ar Iarnród Éireann cuntais bhrabúis agus chaillteanais ar leith agus cláir chomhardaithe a choinneáil agus a fhoilsiú gach bliain le haghaidh gnó a bhaineann le soláthar seirbhísí iompair iarnróid ar thaobh amháin, agus le haghaidh gnó a bhaineann le bainistiú agus le cothabháil an bhonneagair iarnróid ar an taobh eile. Déanfar cuntais Iarnród Éireann a choinneáil leis an toirmeasc ar státchabhair a thugtar le haghaidh soláthar seirbhísí iompair ag an ngnóthas iarnróid arna n-aistriú lena n-úsáid i mbainistiú an bhonneagair iarnróid a chur in iúl.

Ceanglaítear ar Iarnród Éireann freisin cuntais bhrabúis agus chaillteanais ar leith agus cláir chomhardaithe nó ráitis ar shócmhainní agus dliteanais a choinneáil agus a fhoilsiú gach bliain i leith soláthar seirbhísí lasta iarnróid/iompair. Taispeánfaidh cuntais ar leith Iarnród Éireann na cistí a íoctar faoi choinne gníomhaíochtaí a bhaineann le soláthar seirbhísí iompair paisinéara mar shainchúraimí seirbhíse poiblí agus léireoidh na cuntais an toirmeasc ar na cistí sin arna n-aistriú lena n-úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le soláthar seirbhísí eile iompair nó le haghaidh gnó ar bith eile.

Mionsonraítear cuntais bhrabúis agus chaillteanais i nóta 1 sna Cuntais agus tá na sleachta as an gclár comhardaithe neamhiniúchta mar a shonraítear thíos iad.



| Amhail an 31 Nollaig | Iomlán 2010 €000 | Iomlán 2009 €000 | Oibríochtaí 2010 €000 | Oibríochtaí 2009 €000 | Bonneagar 2010 €000 | Bonneagar 2009 €000 | Lasta Iarnróid 2010 €000 | Lasta Iarnróid 2009 €000 | Gníomhaíochtaí Eile 2010 €000 | Gníomhaíochtaí Eile 2009 €000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta – Sócmhainní Inláimhsithe** | | | | | | | | | | |
| Sócmhainní Seasta | | | | | | | | | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | | | | | | | | | | |
| Sócmhainní ar a costas | **2,898,662** | 2,687,403 | **1,674,708** | 1,564,285 | **1,132,365** | 1,031,505 | **20,661** | 20,825 | **70,928** | 70,787 |
| Dímheas Carntha | **(1,112,216)** | (984,517) | **(630,764)** | (537,336) | **(429,297)** | (396,162) | **(20,437)** | (20,499) | **(31,718)** | (30,521) |
| | **1,786,446** | 1,702,886 | **1,043,944** | 1,026,950 | **703,068** | 635,343 | **224** | 327 | **39,210** | 40,267 |
| Sócmhainní Airgeadais | **20** | 20 | **-** | - | **-** | - | **-** | - | **20** | 20 |
| | **1,786,466** | 1,702,906 | **1,043,944** | 1,026,950 | **703,068** | 635,343 | **224** | 327 | **39,230** | 40,287 |
| Sócmhainní Reatha | | | | | | | | | | |
| Stoic | **40,981** | 55,671 | **28,250** | 28,815 | **12,661** | 26,782 | **-** | - | **70** | 74 |
| Féichiúnaithe | **30,225** | 85,470 | **11,463** | 29,269 | **16,060** | 51,221 | **1,431** | 738 | **1,271** | 4,242 |
| Iarmhéid idirchuideachta | **57,892** | 37,247 | **-** | - | **-** | - | **-** | - | **57,892** | 37,247 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | **320** | 286 | **320** | 286 | **-** | - | **-** | - | **-** | - |
| | **129,419** | 178,674 | **40,033** | 58,370 | **28,721** | 78,003 | **1,431** | 738 | **59,233** | 41,563 |
| Creidiúnaithe: (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin) | | | | | | | | | | |
| Rótharraingt | **4,252** | 5,267 | **1,409** | 1,696 | **564** | 605 | **-** | - | **2,278** | 2,965 |
| Léas airgeadais | **4,092** | 3,845 | **4,092** | 3,845 | **-** | - | **-** | - | **-** | - |
| Ioncam iarchurtha | **125,292** | 99,018 | **95,858** | 73,639 | **29,122** | 25,083 | **-** | - | **313** | 296 |
| Creidiúnaithe eile | **149,640** | 155,095 | **66,852** | 70,458 | **60,338** | 70,230 | **360** | 388 | **22,090** | 14,019 |
| | **283,276** | 263,225 | **168,211** | 149,639 | **90,024** | 95,918 | **360** | 388 | **24,681** | 17,280 |
| Glandliteanais reatha | **(153,857)** | (84,551) | **(128,178)** | (91,269) | **(61,303)** | (17,915) | **1,072** | 350 | **34,552** | 24,283 |
| Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha | **1,632,609** | 1,618,355 | **915,766** | 935,680 | **641,764** | 617,427 | **1,296** | 677 | **73,783** | 64,570 |
| Creidiúnaithe: (méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin) | **16,165** | 119,257 | **16,165** | 20,217 | **-** | - | **-** | - | **-** | 99,040 |
| Soláthairtí do Dhliteanais agus do Mhuirir | **55,730** | 57,777 | **48,058** | 48,624 | **7,258** | 8,170 | **64** | 64 | **351** | 919 |
| Ioncam iarchurtha | **1,438,602** | 1,382,218 | **840,146** | 852,417 | **588,207** | 519,071 | **-** | - | **10,249** | 10,730 |
| | **122,112** | 59,103 | **11,397** | 14,422 | **46,300** | 90,187 | **1,231** | 613 | **63,183** | (46,118) |
| Maoinithe ag | | | | | | | | | | |
| Caipiteal agus Cúlchistí | | | | | | | | | | |
| Scairchaipiteal glaoite | **194,270** | 95,230 | | | | | | | **194,270** | 95,230 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | **(72,158)** | (36,127) | | | | | | | **(72,158)** | (36,127) |
| Cistí scairshealbhóirí | **122,112** | 59,103 | | | | | | | **122,112** | 59,103 |

# Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

## 4. Forbairtí Straitéiseacha

### 4.1 Clár Sábháilteachta Iarnróid

Ba í 2010 an dara bliain den tríú Clár Infheistíochta um Shábháilteacht Iarnróid cúig bliana a formheasadh. Rinneadh dul chun cinn maith in 2010 maidir le seachadadh fisiciúil an chláir. Ba iad seo a leanas na príomhghnéithe den chlár in 2010:

- 18 míle d'athnuachan rianta
- 19 míle de ghlanadh ballasta
- 177 alt gliú ionadaithe
- 1860 trasnán coincréite ionadaithe
- 4.4 míle d'athleagan ráillí
- 50 ceann pointe ionadaithe
- 48 caidhséar agus claífort neartaithe
- 40 míle d'athnuachan fálta
- 22 crosaire comhréidh dúnta agus 53 crosaire comhréidh uasghrádaithe
- 47 droichead athnuaite nó uasghrádaithe

### 4.2 Líne na hUaimhe

#### 4.2.1 Céim I – Ceantar na nDugaí go hOllpháirc M3

Cuireadh an tionscadal a bhain le hathoscailt iarlíne na hUaimhe idir Cluain Saileach agus Ollpháirc M3 i gcrích i mí Lúnasa 2010. Leagadh deich gciliméadar de líne iarnróid. Ar na hoibreacha droichid a rinneadh bhí na droichid úra a tógadh thar an gCanáil Ríoga agus thar an Tulcha agus oibreacha athchóirithe droichid i gCnoc an Scioból, in Stirling agus i nDún Búinne. Tógadh stáisiúin nua i bPáirc Hans, i nDún Búinne agus in Ollpháirc M3.

Cuireadh tús leis na seirbhísí go Dún Búinne agus go hOllpháirc M3 i mí Mheán Fómhair 2010. Ritheann buaicsheirbhísí gach 30 nóiméad ó Ollpháirc M3 go Stáisiún Cheantar na nDugaí trí Chluain Saileach. Téann seirbhísí a fhad le Stáisiún Uí Chonghaile gach uair an chloig ag an deireadh seachtaine. Is éasca stáisiún Ollpháirc M3 a rochtain ó mhótarbhealach an M3 ón Uaimh. Tá carrchlós ann ina bhfuil 1,200 spás páirceála. Déanann Bus Éireann agus seirbhísí áitiúla bus freastal ar an stáisiún leis.

#### 4.2.2 Atreorú Chluain Saileach

D'fhonn seirbhísí tointeála seachbhuaice a éascú ar chraobhlíne Dhún Búinne ó Chluain Saileach gan íoc as an gcostas iomlán a bhaineann le rith na seirbhíse a fhad le Ceantar na nDugaí agus/nó Stáisiún Uí Chonghaile, tá ardán atreoraithe á dhearadh do Chluain Saileach. Ligfidh sé seo do chraobhthraenacha Dhún Búinne scor i gCluain Saileach agus nascadh le traenacha bhealach Mhaigh Nuad-Bhaile Átha Cliath i rith uaireanta seachbhuaice.

#### 4.2.3 Céim II – an Uaimh

Tá an obair cóir a bheith críochnaithe i dtaca le dearadh shíneadh líne Dhún Búinne ó Ollpháirc M3 go dtí an Uaimh. Tá athbhreithniú ar chás gnó na líne iarrtha ag an NTA agus tá cur isteach an iarratais ar Ordú Iarnróid curtha siar ag Iarnród Éireann ar feitheamh chomhlíonadh an athbhreithnithe ag an NTA.

### 4.3 Bealach Iarnróid an Iarthair

#### 4.3.1 Tionscadal Luimnigh-na Gaillimhe

Cuireadh tús le seirbhísí díreacha idir Luimneach agus Gaillimh le hathoscailt na coda idir Inis agus Baile Átha an Rí i mí an Mhárta 2010. Téann cúig sheirbhís an dá bhealach gach lá. Cuireadh stáisiúin ar fáil sa Ghort, in Ard Raithin, i gCreachmhaoil agus i nDroichead Abhann Ó gCearnaigh. Athleagadh 36 míle de rianta agus druideadh 108 crosaire comhréidh a bhíodh ann. Cóiríodh nó atógadh 49 droichead. Rinneadh uasghrádú ar ocht gcrosaire chomhréidhe go CCTV le bacainn iomlán. Uasghrádaíodh na crosairí comhréidhe eile go caighdeán cuideachta. Críochnaíodh córas nua datha um chomharthaíocht solais idir Luimneach agus Baile Átha an Rí.

#### 4.3.2 Órán Mór agus Croisín – iarratais pleanála

Cuireadh an t-iarratas pleanála le haghaidh an stáisiúin nua pháirceála agus taistil a bheartaítear in Órán Mór (idir Gaillimh agus Baile Átha an Rí) isteach i rith mhí na Nollag 2010. Cuirfear an t-iarratas pleanála le haghaidh stáisiún Chroisín (idir an Gort agus Inis) isteach i mí Aibreáin 2011.

Tá an dá stáisiún á mhaoiniú sa chaiteachas formheasta caipitil le haghaidh Bhealach Iarnróid an Iarthair, Céim 1.

### 4.4 Bealaí Comaitéara Chorcaí

Suiteáladh an t-acomhal agus an chomharthaíocht úr sa Ghleanntán a dhéanann freastal ar línte an Chóibh agus Mhainistir na Corann idir an 1 agus an 6 Aibreán 2010.

# Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

Aistríodh rialú comharthaíochta an dá bhealach go Corcaigh. Dá bhrí sin, bhíothas in ann na seanbhotháin chomharthaíochta in Acomhal an Ghleanntáin agus sa Chóbh a bhaint.

## 4.5 Stáisiún Chluain Ghrífín

Osclaíodh an stáisiún nua i gCluain Ghrífín arna mhaoiniú ag forbróir, ar an líne DART idir Gabhal Bhinn Éadair agus Port Mearnóg, don phobal mór Dé Luain, an 19 Aibreán 2010.

## 4.6 Tionscadal Bhealach Chill Dara

### 4.6.1 Céim I – Athnuachan iar-phríomhlínte

Tar éis an dá líne nua a oscailt idir Collchoill agus Gort na Silíní, tapaíodh an deis leis an dá phríomhlíne reatha ar chuid KRP a athnuachan toisc gur féidir freastal ar an gclár ama atá ann faoi láthair ar an dá líne nua gan cur isteach ar na seirbhísí.

### 4.6.2 Céim II – nascadh le DART faoi Thalamh agus leictriú

Nascfaidh an chéad fhorbairt eile feadh chonair líne Chill Dara an DART faoi Thalamh in Inse Chór le ceithre rian Chill Dara i bPáirc an Iarthair agus déanfar an líne a fhad le Collchoill a leictriú.

Tá tús curtha le soláthar an tsuirbhé láithreáin, leis an imscrúdú talún agus leis an staidéar ar an tionchar ar an gcomhshaol.

Tá an t-iarratas ar Ordú Iarnróid don obair seo le cur isteach faoi dheireadh na bliana 2011.

## 4.7 Athchomharthaíocht agus leictriú líne Mhaigh Nuad

Tá an scéim seo ina cuid ríthábhachtach d'fhorbairt an ghréasáin fho-uirbigh, i gcomhar le tionscadal an DART faoi Thalamh, siocair go rithfidh traenacha DART os cionn na talún idir Maigh Nuad agus Bré/na Clocha Liatha, tar éis aistriú na seirbhísí DART ón líne thuaidh go dtí an bealach faoin Talamh. Tá an t-iarratas ar Ordú Iarnróid le haghaidh na n-oibreacha ar líne Mhaigh Nuad le cur isteach sa ráithe dheireanach in 2011.

## 4.8 Ionadú rianta leice Chuas an Ghainimh

Tugadh faoi mhórchleachtadh innealtóireachta thar shaoire na Nollag in 2010 leis na rianta leice idir Dún Laoghaire agus Cuas an Ghainimh a ionadú le rianta nua ballasta.

Chuir críochnú na hoibre deireadh leis na srianta luais a bhí ag cur isteach go mór ar fheidhmíocht an DART.

## 4.9 Tionscadail Chomharthaíochta

### 4.9.1 Athchomharthaíocht DART Lár na Cathrach – Céim Feidhmiúcháin 1

Tá Tionscadal Athchomharthaíochta Lár na Cathrach ar bun le bunchóras comharthaíochta DART a uasghrádú. Tá an tsuiteáil, an dearadh agus soláthar na n-ábhar faoi choinne Chéim 1 ag dul ar aghaidh i gcomhréir le plean an tionscadail. Tá cuid mhór den obair shuiteála curtha i gcrích ar Chraobh Bhinn Éadair. Tá an fhoireann suiteála i mbun oibre idir Gabhal Bhinn Éadair agus Ráth Eanaigh i láthair na huaire. Bronnadh an conradh faoi choinne na n-oibreacha sibhialta d'áis atreoraithe Chluain Ghrífín agus thosaigh an obair ag deireadh mhí Iúil 2010.

### 4.9.2 Cuíchóiriú Ghabhal Luimnigh

Tugadh aghaidh ar an gcoimisiúnú deireanach do shuiteáil nua comharthaíochta i mí na Nollag 2010. Baineadh an dá bhothán comharthaíochta láimhe a bhí fágtha ar phríomhlíne Bhaile Átha Cliath-Chorcaí de dheasca na hoibre seo.

### 4.9.3 Uathoibriú crosairí comhréidhe

Tionscnaíodh an tionscadal chun crosairí comhréidhe poiblí a uathoibriú go mall sa bhliain 2005. Oibríodh mórán de na crosairí poiblí bóthair lasmuigh de mhórcheantair uirbeacha de láimh agus bhíodh maoir chrosaire ag oibriú iontu. Tá na crosairí á lán-uathoibriú agus tá monatóireacht á déanamh orthu le CCTV ag an dá Ionad nua um Rialú Crosairí atá suite i mBaile Átha Luain agus i Mala.

Faoi dheireadh na bliana 2010, d'fhormheas an Bord uathoibriú 107 crosaire le foireann agus, go nuige seo, cuireadh 75 crosaire i gcrích.

Mar aon le tairbhí sábháilteachta an chláir, gabhann mórchoigilteas costais i gcostais oibriúcháin le huathoibriú na gcrosairí.

## 4.10 DART faoi Thalamh

Tá tionscadal DART faoi Thalamh i gcéim III i láthair na huaire – dearadh mionsonraithe agus iarratas ar Ordú Iarnróid.

Cuireadh an t-iarratas ar Ordú Iarnróid faoi bhráid an Bhoird Phleanála (ABP) an 30 Meitheamh 2010. Cuireadh tús leis an Éisteacht ó Bhéal an 22 Samhain agus lean sí ar aghaidh go dtí gur cuireadh í ar athló an 17 Nollaig 2010. Ationóladh í an 10 Eanáir 2011.

# Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

Agus iad ina n-iarratasóirí, tá Iarnród Éireann ag coinneáil orthu ag cur an cháis theicniúil ar son DART faoi Thalamh i láthair. Tá ABP ag croscheistiú na saineolaithe teicniúla i ndiaidh dóibh a n-achoimrí fianaise a chur i láthair. Tá saineolaithe Iarnród Éireann ag cur frisnéis saincheisteanna a tháinig chun cinn in aighneachtaí faoi bhráid ABP ar bhonn ábhair ar ábhar.

D'fhógair ABP go ndéanfar cinneadh faoin iarratas ar Ordú Iarnróid roimh dheireadh mhí Aibreáin 2011. Tá Iarnród Éireann ag súil le hOrdú éifeachtach Iarnróid sa tríú ráithe de 2011.

Fuair Iarnród Éireann comhfhreagras an 2 Nollaig 2010 ón NTA. Soiléiríodh an staid i dtaca le huainiú na n-oibreacha don tionscadal Dart faoi Thalamh sa chomhfhreagras seo. Dheimhnigh an NTA go bhfuil an tionscadal údaraithe le céim an Ordaithe Iarnróid a chríochnú agus le leanúint ar aghaidh leis an gcumasú agus le hoibreacha lena mbaineann roimh dhearbhú na n-amscálaí do thógáil an tolláin.

## 5. Léargas Ginearálta ar Úsáid Fuinnimh in 2010

| Próifíl Ídithe Fuinnimh – Iarnród Éireann (MWhr) | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Bliain** | **2008** | **2009** | **2010** | |
| Ola dhíosail le haghaidh tarraingthe | 599,000 | 480,000 | 466,000 | Nóta 1 |
| Leictreachas le haghaidh tarraingthe | 35,400 | 26,800 | 26,700 | Nóta 2 |
| Leictreachas le haghaidh nithe eile | 31,000 | 40,000 | 39,000 | Nóta 3 |
| Gás le haghaidh téimh | 18,800 | 18,500 | 18,600 | Nóta 4 |
| Iomlán | 732,800 | 605,500 | 588,600 | |
| | 100% | 83% | 80% | |

***Nóta 1***
*Áirítear leis seo meascán céatadáin RME/FAME arna thabhairt ag an scaglann; b'ionann an miosúr-ráta meánach ó mhí Iúil 2009 i leith agus 3.24%.*

*Tabhairt isteach uathmhúchadh innill ar Thraenacha Díosail Ilaonad*
*Laghdú ar sheirbhísí lasta in 2008-2009*
*Bhí rothstoc nua faoi choinne úsáid Idirchathrach á choimisiúnú in 2008. B'éigean do na traenacha seo agus seirbhísí sceidealaithe bheith i mbun feidhme lena aghaidh.*
*Tugadh naRáilcharranna nua Idirchathrach seo (innill díosail úrnua) isteach i seirbhís in 2008-2009.*
*Bíonn tionchar ag an sceideal agus ar an gcineál feithicle ar úsáid breosla go príomha.*

***Nóta 2***
*Tá an coigilteas a thaispeántar anseo inchurtha i leith cur i bhfeidhm an "Chláir Athnuachana" go príomha; coisctear na feithiclí leis na mótair leictreacha chun cumhacht a ghiniúint lena húsáid ag feithiclí eile.*
*Sa mhullach air sin, laghdaíodh méideanna na dtraenacha i rith amanna seachbhuaice mar fhreagairt ar an éileamh laghdaithe i measc na gcustaiméirí.*

***Nóta 3***
*Tá méadú seasta ag teacht ar líon na bpointí méadraithe ó 430 i mí Eanáir 2008 go 571 i mí na Nollag 2010. Is méadú 33% é seo de thairbhe tabhairt isteach na stáisiún úr, uathchrosairí comhréidhe, seomraí trealaimh, etc. Tá an méadú ar an ídiú lena mbaineann timpeall 14%.*

***Nóta 4***
*Fritháiríodh gnóthachain ó rialú níos fearr téimh ag na geimhrí an-fhuara in 2009/2010 agus in 2010/2011.*

### 5.1 Gníomhartha ar Tugadh fúthu in 2010

Lean Iarnród Éireann ar aghaidh lena gcuid oibre ar roinnt leibhéal in 2010:

➔ Breosla díosail le haghaidh tarraingthe

- Tionscnaíodh clár tástála ar tháirge le próiseas a fhíorú a éilíonn go laghdaíonn sé ídiú breosla in innill fhrithingeacha díosail
    - Ceannaíodh trealamh tomhais agus suiteáladh é i gceithre fheithicil iarnróid (DMUanna Comaitéara)
    - Tá an trealamh seo le coimisiúnú go luath in 2011
    - Beidh an tástáil ar siúl ar feadh seacht mí
    - Déanfar measúnú ar na torthaí le heolas a thabhairt don chinneadh faoi ghníomhartha amach anseo
    - Coigilteas féideartha 25,000 MWhr in aghaidh na bliana
- Uathstopadh inneall tarraingthe ar Thraenacha Díosail Ilaonad, ar fheithiclí Comaitéara agus Idirchathrach araon
    - Curtha i bhfeidhm in 2008/2009

# Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

- Coigilteas measta 26,000 MWhr in aghaidh na bliana
- Uathmhúchadh/atosú Inneall Gluaiste
  - Rinneadh tástáil ar chóras in 2010, ach ní raibh na torthaí rómhaith
  - Tá córas dílsithe á cheannach in 2011 le haghaidh tástála.

➔ Rialú Soilsithe agus Gaothrán in Iostaí

- Cláir curtha i bhfeidhm in Iostaí CME i nDroichead Átha, i bPort Laoise, i Corcaigh agus in Inse Chór.
- Tá coigilteas 800 MWhrs in aghaidh na bliana á bhaint amach.

I dteannta a chéile, tá na bearta seo agus bearta eile coigilte fuinnimh ag coigilt 34,300 MWh d'Iarnród Éireann in aghaidh na bliana.

## 5.2 Gníomhartha a Bheartaítear do 2011

Tá sé ar intinn ag Iarnród Éireann in 2011 an fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú níos mó trí na tionscnaimh a leanas a ghabháil de láimh:

➔ Breosla díosail le haghaidh tarraingthe

- Táirge le feidhmíocht innill fhrithingeacha díosail a fheabhsú
  - Cuirfear clár tástála i bhfeidhm agus i gcrích
  - Faoi réir torthaí sásúla tástála, cuirfear tús leis an gclár um chur i bhfeidhm.
  - Coigilteas féideartha 25,000 MWhr in aghaidh na bliana
- Uathmhúchadh/atosú d'Innill Ghluaiste
  - Faoi réir torthaí sásúla tástála, cuirfear tús leis an gclár um chur i bhfeidhm.
  - Coigilteas féideartha 6,000 MWhr in aghaidh na bliana
- Uathmhúchadh fo-inneall in DMUanna Comaitéara
  - Coigilteas féideartha 6,000 MWhr in aghaidh na bliana

➔ Soilsiú

- Tús a chur le clár le Soilsiú Fluaraiseach Ionduchtúcháin a chur i bhfeidhm, mar aon le Rialuithe Gafa i gcarrchlóis
  - Coigilteas féideartha 120 MWhr i mbliain iomlán
- Feadán nua T8 a chur i bhfeidhm i bhfeistis "Switch Start" ar fud na heagraíochta
  - Coigilteas féideartha 70 MWhr i mbliain iomlán

➔ Rialú téimh

- Cláreagrú Rialaithe Teochta ar fhoirgnimh a chur i bhfeidhm
  - An call le "téitheoirí plugála" breise a laghdú
- Cláreagrú Rialaithe Teochta "téitheoirí plugála" a chur i bhfeidhm nuair a theastaíonn siad
  - Coigilteas féideartha 200 MWhr i mbliain iomlán

# Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile



**Stiúrthóirí amhail an 29 Márta 2011**

| | |
|---|---|
| **Cathaoirleach:** | An Dr J. J. Lynch |
| **Stiúrthóirí:** | An tUasal L. Baker, an tUasal M. Cullen, an tUasal P. Gaffney, an tUasal M. Giblin, an tUasal P. McGarry, an tUasal J. Moloney, an tUasal C. Perry, an tUasal D. Smyth. |
| **Príomhfheidhmeannach:** | An tUasal A. R. Fearn |
| **Rúnaí:** | An tUasal G. Finucane |
| **Oifig Chláraithe:** | Stáisiún Uí Chonghaile, Baile Átha Cliath 1 |
| **Guthán:** | +353 1 836 3333 |
| **Facs:** | +353 1 836 4760 |
| **Suíomh Gréasáin:** | www.irishrail.ie |
| **Uimhir Chláraithe:** | 119571 |
| **Iniúchóirí** | PricewaterhouseCoopers,<br>Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe,<br>Aon Duga Spencer, Cé an Phoirt Thuaidh,<br>Baile Átha Cliath 1. |

# Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile (ar lean)

## Bord Stiúrthóirí

### John Lynch

Ceapadh John Lynch ina Chathaoirleach Feidhmiúcháin ar CIÉ agus ar a gcuid fochuideachtaí a chéaduair i mí an Mhárta 2000. Sular ceapadh é do Ghrúpa Cuideachtaí CIÉ, bhí sé ina Chathaoirleach agus ina Ard-Stiúrthóir ar FÁS. Roimhe sin, bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar Bhord Gáis agus ar Airmheán Táirgiúlachta na hÉireann. Bhí sé ina stiúrthóir ar roinnt cuideachtaí príobháideacha leis. Bhain John cáilíocht amach mar innealtóir in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. D'fhreastail sé ar Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath freisin agus ghnóthaigh sé BComm amach i 1971 agus MBA i 1974. Sa mhullach air sin, shaothraigh sé dochtúireacht i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

### Laetitia Baker

Is í Laetitia Baker an Ceannaire sa ghnólacht MacCarthy Baker and Company Solicitors agus is Ball Comhairle í den Dlí-Chumann. Tá sí gnóthach i saol an phobail in Iarthar Chorcaí. Bhí poist sinsearacha aici le UDC an Sciobairín, i gComhairle Baile Bheanntraí agus is iar-Chathaoirleach í de Bhord Cuain Bheanntraí. Bhí sí ina Stiúrthóir ar Thurasóireacht Chorcaí-Chiarraí leis, ina ball d'Údarás RTÉ agus ina stiúrthóir ar Chomhar Creidmheasa Bheanntraí.

### Mick Cullen

Ceapadh Mick Cullen ar Bhord Iarnród Éireann i mí na Nollag 2009 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Thosaigh Mick i mbun oibre le hIarnród Éireann sa bhliain 1972 agus oibríonn sé i Loch Garman mar chomharthóir. Tá sé ina bhall de SIPTU agus déanann sé ionadaíocht d'oibrithe iarnróid.

### Phil Gaffney

Innealtóir comharthaíochta iarnróid is ea Phil Gaffney. Sula ndeachaigh sé ar scor i mí na Nollag 2005, chaith Phil 28 bliain leis an MTR i Hong Cong. I rith an ama sin, bhí sé ina Phríomhinnealtóir, ina Stiúrthóir Oibríochtaí agus ina Stiúrthóir Bainistíochta. Tá sé ina Chathaoirleach ar an bPainéal Saineolaithe um Chórais Iarnróid Crossrail i Londain.

### Michael Giblin

Bhí Michael Giblin ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Cargo Community Systems Ltd ar feadh deich mbliana. Bhí lámh mhór aige i socrú an chórais d'Aerlínte, do Sheoltóirí, do Chuideachtaí Loingseoireachta, do Chalafoirt agus do Chustam na hÉireann. Bhí poist éagsúla bhainistíochta aige in Aer Lingus roimhe sin. Bhí sé ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Icarus Marketing Ltd. Bhí sé ina bhall de Chomhairle Iompair IBEC, ina Chathaoirleach ar a gCoiste Lóistíochta agus ina bhall de Bhord NITL. Gníomhaíonn sé mar shaineolaí neamhspleách agus mar mheastóir tionscadail don AE i dtaca le cúrsaí iompair.

### Paul McGarry

Abhcóide sinsearach é Paul McGarry a phléann go sonrach le dlí tráchtála, le dlí poiblí agus le dlí an Aontais Eorpaigh. Chaith sé deich mbliana mar bhall tofa d'Ardchomhairle Bharra na hÉireann agus bhí sí ina chathaoirleach ar chuid dá gcoistí. D'oibríodh sé mar oifigeach leis an gCoimisiún Eorpach, agus tá sé ina bhall de Choiste Rialacha na nUaschúirteanna san am i láthair. Ina theannta sin, is toscaire buan é ar son na hÉireann chuig Comhairle Bharraí na hEorpa.

### John Moloney

Ceapadh John Moloney don Bhord i mí na Nollag 2005 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Thosaigh John ag oibriú le Bus Éireann sa bhliain 1978 agus oibríonn sé i nGaráiste Thobar an Chaipín i gCorcaigh mar thiománaí bus. Tá sé ina bhall de NBRU.

### Cliff Perry

Innealtóir Meicniúil atá i Cliff Perry agus is Iar-Stiúrthóir Bainistíochta é le Thameslink agus le AEA Technology Rail sa R.A. Bhíodh sé ina Chathaoirleach den Rannóg Iarnróid den Institiúid Innealtóirí Meicniúla.

### Dearbhalla Smyth

Bainisteoir Sinsearach Réadmhaoine is ea Dearbhalla Smyth atá bunaithe san Uaimh, i nDroichead Átha agus i mBaile Átha Cliath. Is céimí Staidéar Gnó í ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá sí ina ball de Chumann Tráchtála na hUaimhe le trí bliana anuas.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí



Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil i láthair de réir a n-oibleagáidí faoi Achtanna na gCuideachtaí agus faoin Acht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú), 1986. Réitíodh cuntais na Cuideachta agus na nótaí lena mbaineann atá mar chuid de na cuntais, agus san áireamh sa tuarascáil seo, de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn.

## Príomhghníomhaíochtaí agus Athbhreithniú Airgeadais

Is iad príomhghníomhaíochtaí na Cuideachta seirbhísí iarnróid Idirchathrach agus Comaitéara a chur ar fáil do phaisinéirí, seirbhísí lasta a chur ar fáil agus Calafort Ros Láir a bhainistiú.

Tá 100% de scairchaipiteal eisithe na Cuideachta i seilbh Chóras Iompair Éireann, ar comhlacht reachtúil iad atá faoi lánúinéireacht Rialtas na hÉireann agus a thuairiscíonn chuig an Aire Iompair.

Bhí easnamh €14.2m ag an gcuideachta roimh mhuirear do mhír eisceachtúil €21.8m le haghaidh costais athstruchtúraithe a bhaineann leis an mbonn costais a chuíchóiriú. B'ionann an t-easnamh foriomlán don bhliain agus €36m.

Méadaíodh scairchaipiteal eisithe na cuideachta faoi 78 milliún scair, €99m. Eisíodh na scaireanna chuig CIÉ agus íocadh astu trí iasacht idirchuideachta a fuarthas nuair a bunaíodh an chuideachta a laghdú go comhréireach. Is ionann scairchaipiteal eisithe agus údaraithe na cuideachta faoi láthair agus €194m.

Bhí méid iomlán an fhóirdheontais in 2010 €15.5m níos lú ná mar a bhí sé in 2009. B'ionann íocaíocht oibleagáid na seirbhíse poiblí agus €155.1 milliún i gcomparáid le €170.6 milliún in 2009.

Leanann an chuideachta ar aghaidh, mar a rinne siad go rathúil le roinnt blianta anuas, ag díriú go mór ar fheabhas a chur ar chaighdeán agus ar éifeachtacht a gcuid seirbhísí dá gcuid custaiméirí ar fad. Agus monatóireacht á déanamh ar fheidhmíocht na cuideachta, déanann an lucht bainistíochta, na stiúrthóirí agus an Roinn Iompair athbhreithniú rialta ar réimse táscairí tábhachtacha feidhmíochta i leith cúrsaí airgeadais agus oibriúcháin. Bíonn láníocaíocht oibleagáid na seirbhíse poiblí ag brath ar bhaint amach spriocanna a chomhaontaítear go bliantúil idir an chuideachta agus an NTA. Tá áthas ar na stiúrthóirí a thuairisciú go bhfuair an chuideachta íocaíocht iomlán oibleagáid na seirbhíse poiblí toisc gur baineadh amach na spriocanna in 2010.

Leathnaíodh an gréasán in 2010; osclaíodh dhá bhealach nua de thoradh infheistíocht Iompar 21. Osclaíodh an líne idir Dún Búinne/Ollpháirc M3 agus Cluain Saileach agus Bealach Iarnróid an Iarthair idir Luimneach agus Gaillimh le linn na bliana. Chomh maith leis sin, osclaíodh stáisiún Chluain Ghrífín don phobal an 19 Aibreán 2010. Stáisiún DART is ea seo a thóg forbróir.

Lean an chuideachta ar aghaidh ag infheistiú i rothstoc agus i dtionscadail bhonneagair le linn na bliana. Rinneadh an-dul chun cinn i dtaca le tionscadail thábhachtacha faoin gclár Iompar 21, iad seo a leanas san áireamh:

- Clár Sábháilteachta agus Athnuachana
- Inrochtaineacht stáisiúin, lena n-áirítear áiseanna níos fearr páirceála do chustaiméirí
- Tionscadal Bhealach Chill Dara
- Leictriú líne Mhaigh Nuad
- DART faoi Thalamh

Tá athbhreithniú mionsonraithe ar ghníomhaíocht na cuideachta don bhliain ar fáil san Athbhreithniú ar Oibríochtaí.

## Torthaí agus Cúlchistí

Leagtar amach go mion na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010 ar leathanaigh 21 go 47.

## Bainistíocht Riosca

Tá an chuideachta tiomanta do rioscaí a bhainistiú ar bhealach córasach smachtaithe. A bhuíochas le próiseas um bainistíocht riosca uilefhiontair, sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na cuideachta agus ceaptar pleananna gníomhaíochta leis na rioscaí a mhaolú. Is príomhthosaíocht de chuid na cuideachta i rith an ama í sábháilteacht an iarnróid agus léirítear é seo sa chlár riosca. I measc na rioscaí is tromchúisí tá siad seo a leanas: mórtheagmhais oibriúcháin; gníomhartha sceimhlitheoireachta; caillteanas cumarsáid oibriúcháin;

# Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean)

agus teip leanúnach ar chomhlíonadh ionchais na gcustaiméirí agus na bpáirtithe leasmhara eile.

## An Bord

Rialaíonn an Bord Stiúrthóirí an chuideachta. Is iad príomhróil an Bhoird cuspóirí straitéiseacha na cuideachta a fhormheas agus athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú na cuideachta i gcoinne réimse príomhtháscairí feidhmíochta. Tagann an Bord le chéile naoi n-uaire ar a laghad gach bliain, agus bíonn clár ábhar curtha in áirithe lena fhormheas.

## Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit

Is tosaíocht i rith an ama ag Stiúrthóirí Iarnród Éireann ardchaighdeáin rialachais chorparáidigh a chothabháil. Tá a mbeartas rialachais chorparáidigh curtha le chéile ag an mBord le go dtabharfar éifeacht don Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais.

Leagtar amach sonraí faoi na beartais agus faoi na nósanna imeachta a chuir an chuideachta i bhfeidhm tar éis fhoilsiú na cáipéise, Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit, i dtuarascáil bhliantúil Ghrúpa Chóras Iompair Éireann.

## Comhionannas

A bhuíochas lena nOifig Comhionannais agus Éagsúlachta, leanann Iarnród Éireann ar aghaidh ag cothabháil agus ag tacú le timpeallacht dhearfach oibre trína gcuid tionscnamh um Chothromaíocht Oibre is Saol (WLB) agus trí bheartais chomhionannais. Déantar athbhreithniú ar thionscnaimh WLB, idir reachtúil agus neamhreachtúil, ar bhonn leanúnach. De bharr an athbhreithnithe is déanaí ar chúrsaí WLB, athraíodh na tionscnaimh reachtúla agus neamhreachtúla araon; feabhsaíonn siad seo infhaighteacht WLB san uile réimse comhionannais.

Agus ár dtiomantas d'ionad oibre cuimsitheach á chothú agus á fhorbairt againn, tá baint mhór ag Clár Comhionannais Iarnród Éireann le gréasán gnó ina bhfuil comhlachtaí poiblí, cuideachtaí príobháideacha agus an Institiúid Náisiúnta um Míchumas Intleachta (NIID) i gColáiste na Tríonóide. Tá sé seo sa bhreis ar thaithí oibre a thabhairt do mhic léinn an NIID atá i mbun an chúrsa Teastas sa Mhaireachtáil Chomhaimseartha. Mar aitheantas dár dtiomantas leanúnach do chúrsaí cuimsithe, ghnóthaigh Iarnród Éireann Dámhachtain Chumais le haghaidh dea-chleachtais i réimse foghlama, forbartha agus dul chun cinn.

Leanaimid orainn ag glacadh páirte le heagraíochtaí éagsúla i bhfóraim sheachtracha fearacht an Ghréasáin Chomhionannais agus Éagsúlachta agus Mheitheal Éagsúlachta IBEC i dtaca le forbairt leanúnach ar chleachtais agus ar nósanna imeachta.

## Oiliúint

I gcaitheamh na bliana 2010, chuir Iarnród Éireann an fheidhm oiliúna go mór chun feabhais de thairbhe cur chuige mórathraithe i leith seachadadh oiliúna. Cé gurb eol dúinn an méid mór a rinne oiliúint láraithe don eagraíocht le deich mbliana anuas nó mar sin, tá céimeanna glactha againn leis an tacaíocht a thugann an oiliúint don fheidhm ghnó a fheabhsú níos mó.

Gné shonrach amháin den athrú seo is ea tabhairt isteach ionsamhlú tiomána in dá ionad úrscothacha i Mala agus in Inse Chór. Tá an trealamh ionsamhlaithe a mbaintear leas as ar fáil dár dtiománaithe uile ag bunchéim oiliúna agus de réir measúnú leanúnach cuimsitheach inniúlachta. Tá coincheap an ionsamhlaithe le fairsingiú níos mó d'fhonn comharthóirí Iarnród Éireann a chlúdach sa bhliain amach romhainn.

Comhlánaíonn oiliúint ríomhchuidithe an t-eispéireas ionsamhlaithe. Chomh maith leis sin, rinneadh athbhreithniú ar chuid mhór dár mbuan-nósanna imeachta oibríochta a bhaineann le cúrsaí oiliúna. Éascaíonn é seo idirghabhálacha oiliúna níos áitiúla anois, agus is minic a leagtar béim níos praiticiúla orthu.

## Beartas Drugaí agus Alcóil

De réir na reachtaíochta i leith Sábháilteacht Iarnróid, rinne Iarnród Éireann tuilleadh coigeartuithe dearfacha breisíocha ar ár mbeartas um thástáil drugaí agus alcóil a comhaontaíodh. Comhaontaíodh na hathruithe a rinneadh trí phróiseas sainchomhairliúcháin lenár bhfoireann agus le ceardchumainn agus coinníonn siad an eagraíocht i gcomhréir le ceanglais reachtaíochta.

Cuireadh córas athbhreithnithe tástála i bhfeidhm go rathúil in earrach na bliana 2010. Tugann sé tacaíocht do Chóras tréan Bainistíochta Sábháilteachta san eagraíocht trína chur chuige randamach i leith na tástála.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean)



## Caidreamh Tionsclaíoch

Bliain eile de shíocháin thionsclaíoch laistigh d'Iarnród Éireann ba ea 2010, in ainneoin na mbrúnna móra costais a raibh tionchar acu ar gach gné dár ngnó. Is eol dúinn go maith na brúnna costais sin agus táimid ag coinneáil orainn ag díriú ar laghdú líon na foirne dá thoradh. D'éirigh linn, trí roinnt beart i dteannta a chéile, líon na foirne a laghdú faoi 245 in 2010 ó 4,499 ag tús na bliana anuas go 4,254 ag deireadh na bliana.

Bhíothas ábalta an laghdú seo a chur i bhfeidhm de bharr dhul chun cinn na teicneolaíochta ar thaobh amháin agus de bharr sheachadadh na héifeachtachta ar an taobh eile.

## Rialú Inmheánach

Tá Grúpa um Athbhreithniú Iniúchta ceaptha ag Bord Iarnród Éireann le hathbhreithniú a dhéanamh ar na cuntais bhliantúla, ar rialuithe inmheánacha agus ar chúrsaí comhlíonta, ar éifeachtacht iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh agus ar bhainistíocht riosca. Chomh maith leis sin, cheap an Bord Grúpa Comhairleach Innealtóireachta le monatóireacht a dhéanamh ar athnuachan bonneagair, agus le bainistiú tionscadail a dhéanamh ar na tionscadail mhóra bhonneagair, chomharthaíochta, leictreacha agus teileachumarsáide, chomh maith le cúrsaí feidhmíochta. Tugann an Grúpa Comhairleach Sábháilteachta cúnamh don Bhord le monatóireacht a dhéanamh ar na réimsí tábhachtacha gnó seo. Leagtar amach níos mó sonraí faoi chóras na cuideachta um rialú inmheánach i dtuarascáil bhliantúil Ghrúpa Chóras Iompair Éireann.

## Faisnéis

Scaiptear tuarascálacha agus páipéir rialta ar na stiúrthóirí go tráthúil mar ullmhúchán do chruinnithe Boird agus Coiste. Bíonn faisnéis bhreise i dteannta na bpáipéar seo a iarrann na stiúrthóirí lena haghaidh go sonrach ó am go ham.

Faigheann na stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin cuntais thréimhsiúla bhainistíochta agus tuarascálacha agus faisnéis rialta bhainistíochta a chuireann ar a gcumas feidhmíocht na cuideachta agus na mbainisteoirí a iniúchadh in aghaidh cuspóirí comhaontaithe.

## Gnóthas Leantach

Ullmhaíodh na cuntais ar bhonn an ghnóthais leantaigh agus tuairiscíonn na stiúrthóirí go bhfuil siad sásta gur gnóthas leantach í an chuideachta agus go bhfuil acmhainní dóthanacha ag an gcuideachta chun leanúint ar aghaidh i mbun gnó go ceann i bhfad. Agus iad ag teacht ar an tuairim seo, tá athbhreithniú déanta ag na stiúrthóirí ar an réamhaisnéis don bhliain 2011, chomh maith leis na pleananna don mheántéarma.

## Leabhair Chuntais

Tá sé curtha in iúl ag na stiúrthóirí gur chomhlíon siad a ndualgas maidir le leabhair chuí chuntais a choimeád trí chórais agus nósanna imeachta cuí a úsáid agus trí fhoireann ag a bhfuil na cáilíochtaí oiriúnacha a fhostú. Coinnítear na leabhair chuntais ag ceannoifig na cuideachta i Stáisiún Uí Chonghaile, Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1.

## An tAcht um Shábháilteacht Iarnróid 2005

Feidhmíonn Iarnród Éireann i gcónaí de réir an Achta um Shábháilteacht Iarnróid 2005. I rith na bliana 2010, agus iad ag comhlíonadh théarmaí a gCáis Sábháilteachta Iarnróid ar ghlac an Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid leis, d'ullmhaigh IÉ feidhm dá gCóras Bainistíochta Sábháilteachta lena húdarú mar Bhainisteoir Bonneagair agus Deimhniú mar Gnóthas Iarnróid, ag an RSC, de réir reachtaíocht an AE a leasaigh bun-Acht 2005. I mí Eanáir 2011, fuair IÉ an t-údarú agus na deimhnithe oiriúnacha, agus glacadh ionad an Cháis Sábháilteachta Iarnróid a bhí ann roimhe.

## Na Rialacháin um Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála 2002

Tuigeann na stiúrthóirí a bhfreagracht maidir le comhlíonadh a chinntiú, i ngach ngné ábhartha, le forálacha na Rialachán um Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála 2002. Cuireadh nósanna imeachta i bhfeidhm chun na dátaí a shainaithint ar a mbíonn sonraisc dlite agus lena chinntiú go n-íoctar iad faoi dhátaí áirithe. Tugann na nósanna imeachta seo dearbhú réasúnta in aghaidh neamh-chomhlíonadh ábhartha le rialacháin.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean)

## Stiúrthóirí

Ceapann an tAire Iompair stiúrthóirí na cuideachta. Roimh an 1 Lúnasa 2008, cheap Cathaoirleach Chóras Iompair Éireann na stiúrthóirí le toiliú an Aire. Tá ainmneacha na ndaoine a bhí ina stiúrthóirí i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2010 nó a ceapadh ó shin leagtha amach thíos. Ba stiúrthóirí iad ar feadh na bliana iomláine seachas aon áit ina bhfuil a mhalairt léirithe.

| | |
|---|---|
| **An Dr John Lynch (Cathaoirleach)** | athcheaptha an 29 Márta 2010 agus an 29 Márta 2011 |
| **Laetitia Baker** | ceaptha an 15 Feabhra 2010 |
| **Mick Cullen** | |
| **Gerry Duggan** | ar scor an 8 Feabhra 2010 |
| **Phil Gaffney** | |
| **Michael Giblin** | |
| **Paul McGarry** | ceaptha an 8 Márta 2011 |
| **John Moloney** | |
| **Laurence O'Neill** | ar scor an 10 Meitheamh 2010 |
| **Cliff Perry** | |
| **Dearbhalla Smyth** | |

Seo thíos liosta de thinreamh stiúrthóirí an Bhoird ag cruinnithe Boird i rith 2010.

| Stiúrthóir | Cuntas Tinrimh Bhord Iarnród Éireann |
|---|---|
| John Lynch | 11/11 |
| Laetitia Baker | 8/10 |
| Mick Cullen | 11/11 |
| Gerry Duggan | 1/1 |
| Phil Gaffney | 10/11 |
| Michael Giblin | 10/11 |
| John Moloney | 7/11 |
| Laurence O'Neill | 5/5 |
| Cliff Perry | 9/11 |
| Dearbhalla Smyth | 11/11 |

Ní raibh aon suim in aon scaireanna ná bintiúir de chuid na cuideachta, a cuideachta sealbhaíochta ná a fochuideachtaí ag aon duine de na stiúrthóirí ag aon am le linn na bliana. Ní dheachthas i mbun aon chonarthaí ná socruithe ábhartha i rith na bliana i ndáil le gnó an Ghrúpa ina raibh leas ag stiúrthóir. Tá gnáthscair amháin i seilbh Rúnaí na Cuideachta mar ainmní de chuid Bhord Chóras Iompair Éireann.

## Rúnaí na Cuideachta

Fostaí lánaimseartha de chuid mháthairchuideachta na cuideachta, Córas Iompair Éireann, atá i Rúnaí na Cuideachta. Tá Rúnaí na Cuideachta freagrach as comhairle a thabhairt don Bhord, tríd an gCathaoirleach, maidir leis na cúrsaí rialachais go léir. Tá rochtain ag na stiúrthóirí uile ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí na Cuideachta. Foráiltear le hAirteagail Chomhlachais na Cuideachta gur ábhar do na stiúrthóirí é Rúnaí na Cuideachta a cheapadh agus a chur as oifig.

## Iniúchóirí

Tá sé léirithe ag na hiniúchóirí, PricewaterhouseCoopers, Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe, gur mian leo leanúint in oifig de réir alt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Thar ceann an Bhoird

| | |
|---|---|
| **An Dr J. J. Lynch** | Cathaoirleach |
| **An tUasal P. Gaffney** | Stiúrthóir |

Dáta: An 29 Márta 2011

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na stiúrthóirí freagrach as an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlí infheidhme na hÉireann agus cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leis in Éirinn, lena n-áirítear na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus arna bhfoilsiú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Éilíonn dlí cuideachta na hÉireann ar stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thugann léargas fíor agus cothrom ar staid chúrsaí na cuideachta agus ar bharrachas nó ar easnamh na cuideachta don bhliain sin.

Ceanglaítear na nithe seo a leanas ar na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais á gcur i dtoll a chéile acu:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur chun feidhme go comhsheasmhach ina dhiaidh sin;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin má tá sé neamhchuí le toimhdiú go leanfaidh an chuideachta ar aghaidh i mbun gnó.

Dearbhaíonn na stiúrthóirí gur chomhlíon siad na riachtanais thuas agus na ráitis airgeadais á réiteach.

Tá na stiúrthóirí freagrach as leabhair chuí chuntais a choinneáil, a nochtann go réasúnta cruinn ag aon tráth staid airgeadais na cuideachta agus a ligeann dóibh a chinntiú gur réitíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn agus go gcloíonn siad le ceanglais Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009. Tá freagracht orthu chomh maith as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus as céimeanna réasúnta a thabhairt le calaois agus le mírialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.

# Tuarascáil na nIniúchóiríTuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha do Bhaill Iarnród Éireann-Irish Rail

Rinneamar iniúchadh ar na ráitis airgeadais ar leathanaigh 21 go 46. Cuireadh na ráitis airgeadais seo i dtoll a chéile de réir na mbeartas cuntasaíochta a leagtar amach sa Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta ar leathanaigh 21 agus 22.

## Freagrachtaí faoi seach na Stiúrthóirí agus na nIniúchóirí

Tá freagrachtaí na stiúrthóirí i leith Thuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlí infheidhme na hÉireann agus caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus arna bhfoilsiú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Ginearálta leis in Éirinn) leagtha amach ar leathanach 18 sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí.

Is é an fhreagracht atá orainn na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir ceanglais ábhartha dlí agus rialála agus na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire). Ullmhaíodh an tuarascáil seo, an tuairim san áireamh, do bhaill na cuideachta mar chomhlacht amháin de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 agus ní ar aon chúis eile. Ní ghlacaimid, agus sinn ag léiriú na tuairime seo, freagracht as aon chuspóir eile ná d'aon duine eile a dtaispeántar nó a dtugtar an tuarascáil seo dóibh seachas mura dtugaimid ár dtoiliú roimh ré i scríbhinn.

Tugaimid tuairisc daoibh i dtaobh ár dtuairime faoi cibé acu an dtugtar nó nach dtugtar léiriú fíor cothrom sna ráitis airgeadais, de réir Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Ginearálta leis in Éirinn, agus faoi cibé acu ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh i gceart iad de réir reacht na hÉireann a chuimsíonn Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009. Sonraímid cibé acu an bhfuaireamar nó nach bhfuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaíonn uainn inár n-iniúchadh agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair chuntais. Tuairiscímid ár dtuairim daoibh chomh maith i leith:

- cibé acu ar choinnigh nó nár choinnigh an chuideachta leabhair chuí chuntais;
- cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil Tuarascáil na Stiúrthóirí i gcomhréir leis na ráitis airgeadais; agus
- an raibh cás airgeadais ann ag dáta an chláir chomhardaithe ina mbeadh gá don chuideachta cruinniú ginearálta urghnách na cuideachta a ghairm; d'fhéadfadh cás airgeadais mar sin bheith ann murar ionann glansócmhainní na cuideachta, faoi mar a shonraítear sa chlár comhardaithe, agus níos mó ná leath de mhéid a scairchaipitil ghlaoite.

Tugaimid tuairisc daoibh freisin mura dtugtar, inár dtuairim féin, aon fhaisnéis a shonraítear sa dlí i ndáil le luach saothair na stiúrthóirí agus le hidirbhearta na stiúrthóirí, agus más féidir, déanaimid an fhaisnéis sin a chur inár dtuarascáil.

Léimid Tuarascáil na Stiúrthóirí agus déanaimid breithniú ar na himpleachtaí a bheadh i ndán dár dtuarascáil dá mbeimis eolach ar aon mhíráiteas léir ann. Ní phléimid le faisnéis ar bith eile inár gcuid freagrachtaí.

## Bunús na tuairime iniúchta

Thugamar faoinár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an R.A. agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta. Is éard a áirítear le hiniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise lena mbaineann méid agus nochtadh sna ráitis airgeadais. Ina theannta sin, áirítear measúnú leis an iniúchadh ar na meastacháin agus ar na breithiúnais thábhachtacha a thug na stiúrthóirí i rith ullmhú na ráiteas airgeadais, agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chás na cuideachta, curtha i bhfeidhm go leanúnach agus nochta go cuí.

Phleanálamar agus thugamar faoinár n-iniúchadh d'fhonn an fhaisnéis agus na mínithe uile a fháil a shíleamar a bhí riachtanach chun dóthain fianaise a chruthú le cinntiú go réasúnta nach bhfuil míráiteas ábhartha, bíodh calaois nó neamhrialtacht nó earráid eile ina mbonn leis, sna ráitis airgeadais. Agus ár dtuairim á cruthú againn, rinneamar measúnú freisin ar oiriúnacht iomlán chur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.

# Tuarascáil na nIniúchóirí – Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha do Bhaill Iarnród Éireann-Irish Rail (ar lean)

## Tuairim

Is é ár dtuairim é go bhfuil na nithe seo a leanas fíor faoi na ráitis airgeadais:

- tugann siad léargas fírinneach cóir, de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh Ginearálta leis in Éirinn, maidir le staid ghnóthaí na cuideachta amhail an 31 Nollaig 2010 agus maidir lena gcaillteanas agus sreafaí airgid don bhliain dar críoch sin; agus
- ullmhaíodh iad i gceart de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uainn inár n-iniúchadh. Is é ár dtuairim é gur choimeád an chuideachta leabhair chuí chuntais. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Táimid den tuairim go bhfuil an fhaisnéis i dTuarascáil na Stiúrthóirí ar leathanaigh 14 go 17 i gcomhréir leis na ráitis airgeadais.

Is ionann glansócmhainní na cuideachta, faoi mar a shonraítear sa chlár comhardaithe ar leathanach 24, agus níos mó ná leath de mhéid a scairchaipitil ghlaoite, agus ar an mbonn sin táimid den tuairim nach raibh aon chás airgeadais ann an 31 Nollaig 2010 a cheanglódh tionól chruinniú ginearálta urghnách na cuideachta, de réir Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983.

PricewaterhouseCoopers

Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe, Aon Duga Spencer, Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1

**An 6 Aibreán 2011**

A. Tá an Bord freagrach as cothabháil agus sláine shuíomh gréasáin Chóras Iompair Éireann; níl breithniú na n-ábhar sin san áireamh san obair a dhéanann na hiniúchóirí agus, dá réir sin, ní ghlacann na hiniúchóirí aon fhreagracht as aon athruithe féideartha ar na ráitis airgeadais ó cuireadh ar an suíomh gréasáin iad i dtús báire.

B. D'fhéadfadh an reachtaíocht in Éirinn a rialaíonn réiteach agus scaipeadh ráiteas airgeadais bheith difriúil ó reachtaíocht i ndlínsí eile.

# Príomhbheartais Chuntasaíochta

Mar seo a leanas iad na beartais thábhachtacha chuntasaíochta agus na teicnící meastacháin arna nglacadh ag an gcuideachta:

## (A) Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leo in Éireann agus reacht na hÉireann a chuimsíonn Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009. Is ionann caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leo in Éirinn a úsáidtear in ullmhú ráiteas airgeadais a thugann léargas fíor agus cothrom agus iad sin arna bhfoilsiú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

Glactar le Dubel Limited, atá ina bhfochuideachta faoi lánúinéireacht, mar bhrainse d'Iarnród Éireann-Irish Rail chun críocha cuntasaíochta.

Tá athchóiriú déantar ar chomparáidí na bliana roimhe seo chun teacht le cur i láthair na bliana reatha.

## (B) Ioncam

Cuimsíonn ioncam oll-luach na seirbhísí a sholáthraítear.

## (C) Sócmhainní Inláimhsithe agus Dímheas

Is iad seo a leanas bunúis ríomha an dímheasa:

### (i) Línte agus oibreacha iarnróid

Tá gréasán córas i gceist le línte agus oibreacha iarnróid. Meastar gurb ionann caiteachas ar an ngréasán atá ann cheana, a chothaíonn an ábaltacht oibriúcháin de réir caighdeáin shainmhínithe seirbhíse, mar bhreis ar shócmhainní seasta inláimhsithe agus áirítear é ar a chostas i ndiaidh deontais a bhaint.

Is ionann an muirear dímheasa do línte agus oibreacha iarnróid atá ann cheana agus leibhéal measta an chaiteachais bhliantúil atá riachtanach chun ábaltacht oibriúcháin an ghréasáin a choinneáil atá bunaithe ar phlean bainistíochta sócmhainní na cuideachta.

Meastar gurb ionann caiteachas ar an ngréasán, a mhéadaíonn a chumas nó a fheabhsaíonn a ábaltacht oibriúcháin, agus breis ar shócmhainní seasta inláimhsithe ar a chostas agus dímheastar é ar feadh a shaolré fónta.

### (ii) Rothstoc iarnróid

Déantar dímheas ar innill iarnróid (seachas iad sin a dhímheastar go hiomlán nó a gnóthaíodh gan costas a íoc), trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn a gcostais stairiúil a leatar thar a gcuid saolréanna fónta measta.

Déantar dímheas ar ráilcharranna, ar stoc cóistí agus ar vaigíní chomh maith, trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a gcuid saolréanna fónta measta.

### (iii) Feithiclí lasta bóthair

Déantar dímheas ar na sócmhainní seo ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a gcuid saolréanna fónta measta trí úsáid a bhaint as suim an mhodha dhigitigh.

### (iv) Dugaí, calafoirt agus calaí; gléasra agus innealra; trealamh seirbhísí lónadóireachta

Déantar dímheas ar na ranguithe sócmhainne thuas trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a gcuid saolréanna fónta measta.

### (v) Talamh agus foirgnimh

Déantar dímheas ar fhoirgnimh, trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar shaolré de chaoga bliain. Áirítear luach de réir leabhar na talún agus na bhfoirgneamh atá ar díol agus ar cosúil go ndiúscrófar iad sa dhá mhí dhéag atá le teacht sna sócmhainní reatha de réir mar is cuí.

## (D) Sócmhainní ar Léas

### (i) Léasanna airgeadais

Tugtar cuntas ar shócmhainní a choimeádtar faoi léasanna airgeadais de réir SSAP 21 (Ag Tabhairt Cuntais ar Léasanna agus Conarthaí Fruilcheannaigh). Tá costas caipitil na sócmhainní sin san áireamh le sócmhainní inláimhsithe agus déantar é a dhímheas thar an tréimhse is giorra de théarma an léasa nó thar shaolré fónta measta na sócmhainne. Áirítear gné chaipitil na n-oibleagáidí léasa gan íoc leis na creidiúnaithe. Déantar muirir airgeadais a mhuirear chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais thar phríomhthréimhse an léasa.

# Príomhbheartais Chuntasaíochta (ar lean)

### (ii) Léasanna oibriúcháin

Déantar íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibriúcháin a mhuirear chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais de réir mar a thabhaítear iad.

## (E) Stoic

Déantar luacháil ar stoic ábhar agus páirteanna spártha ag a meánchostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé acu is lú.

Díscríobhtar stoic arb eol go bhfuil siad imithe i léig ag dáta an chláir chomhardaithe agus déantar soláthar i leith stoc a d'fhéadfadh dul in éag amach anseo.

## (F) Deontais an Aontais Eorpaigh agus an Stáit

### (i) Deontais do línte agus d'oibreacha iarnróid atá ann cheana

Baintear deontais a fhaightear do línte agus d'oibreacha iarnróid atá ann cheana ó chostas na sócmhainní gaolmhara.

Níl an beartas seo de réir Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986 a éilíonn sócmhainní seasta inláimhsithe a bheith léirithe ar a costas agus deontais agus ranníocaíochtaí mar ioncam iarchurtha dá réir. Is riachtanach an t-imeacht seo ó cheanglais Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986 i dtuairim na stiúrthóirí, chun go dtaispeánfaidh na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom toisc nach bhfuil saolta inchinntithe ag na línte agus oibreacha iarnróid seo agus, dá bhrí sin, níl aon bhunús ann ina bhféadfaí deontais agus ranníocaíochtaí a shainaithint mar ioncam iarchurtha.

### (ii) Deontais do chaiteachas caipitil eile

Déantar deontais do chaiteachas caipitil eile a chur chun sochair ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhála. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna agus a dhéantar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

### (iii) Deontais ioncaim

Tugtar deontais ioncaim chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais sa bhliain ina mbíonn siad infhála.

### (iv) Deontais infheistíochta sábháilteachta

Déantar deontais infheistíochta sábháilteachta a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais trí thagairt don Chlár Infheistíochta Sábháilteachta.

## (G) Airgeadra Eachtrach

Aistrítear idirbhearta a bhíonn in airgeadra eachtrach go euro ag an ráta a bhíonn i mbun rialú ag dáta an idirbhirt, nó ag rátaí conartha nuair a bhíonn na méideanna iníoctha nó infhála clúdaithe ag réamhchonarthaí.

Glactar le caillteanais nó gnóthachain mhalartaithe réadaithe ar idirbhearta a socraíodh i gcaitheamh na bliana mar chuid den bharrachas nó den easnamh don bhliain ó ghnáthghníomhaíochtaí.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid ainmnithe in airgeadraí eachtracha ag na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm ar an dáta a luaitear sa chlár comhardaithe nó ag rátaí conartha nuair is infheidhme.

## (H) Pinsin

Déantar an costas a bhfuil coinne leis i dtaobh pinsin a chur ar fáil d'fhostaithe a mhuirear chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais mar a thabhaítear é thar thréimhse fostaíochta na bhfostaithe inphinsin. Ríomhtar an costas, le tairbhe comhairle ó achtúirí neamhspleácha, ag céatadán a mheastar bheith cobhsaí den phá inphinsin. Scartar athraithigh ó chostais phinsin rialta, a shainaithnítear i luachálacha achtúireacha tréimhsiúla, thar na meánsaoil seirbhíse a mheastar atá fágtha ag baill na scéime.

Soláthraítear le haghaidh chostas caipitil na dtairbhí a ghabhann le pinsin fhorlíontacha agus déantar é a mhuirear chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais sa bhliain ina dtugtar na tairbhí feabhsaithe.

## (I) Costais Bhonneagair Iarnróid

De réir Threoir 91/440 ó Chomhairle an AE, éilítear ar Iarnród Éireann-Irish Rail a chinntiú go gcoimeádtar na cuntais do ghnó na seirbhísí iompair agus iad sin do ghnó bhainistíocht an bhonneagair iarnróid ar leithligh. Cinntear na costais bhonneagair de réir Iarscríbhinn 1.A. de Rialachán an AE, Uimh. 2598/70.

# Cuntas Brabúis agus Caillteanais

| | *Nótaí* | **Iomlán 2010 €000** | **Míreanna Eisceachtúla Oibriúcháin 2010 €000** | **Oibríochtaí Leanúnacha roimh Mhíreanna Eisceachtúla 2010 €000** | Iomlán 2009 €000 | Míreanna Eisceachtúla Oibriúcháin 2009 €000 | Oibríochtaí Leanúnacha roimh Mhíreanna Eisceachtúla 2009 €000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ioncam | | **190,185** | **–** | **190,185** | 197,575 | - | 197,575 |
| Costais | | | | | | | |
| Párolla agus costais ghaolmhara | *2* | **(256,711)** | **(21,784)** | **(234,927)** | (266,790) | (27,989) | (238,801) |
| Ábhair agus seirbhísí | *3* | **(105,370)** | **–** | **(105,370)** | (115,514) | – | (115,514) |
| Dímheas lúide amúchadh deontais chaipitil | *5* | **(29,161)** | **–** | **(29,161)** | (28,013) | – | (28,013) |
| Iomlán na gcostas oibriúcháin | | **(391,242)** | **(21,784)** | **(369,458)** | (410,317) | (27,989) | (382,328) |
| Brabús ar dhiúscairt na sócmhainní inláimhsithe | *6* | **179** | **–** | **179** | 523 | – | 523 |
| Easnamh roimh ús agus deontais Stáit | | **(200,878)** | **(21,784)** | **(179,094)** | (212,219) | (27,989) | (184,230) |
| Ús Iníoctha | | | | | | | |
| – oibríoch | *7* | **(1,717)** | **–** | **(1,717)** | (2,047) | – | (2,047) |
| – bonneagar iarnróid | *7* | **(951)** | **–** | **(951)** | (1,133) | – | (1,133) |
| Ús iomlán | | **(2,668)** | **–** | **(2,668)** | (3,180) | – | (3,180) |
| Easnamh don bhliain roimh dheontais Stáit | | **(203,546)** | **(21,784)** | **(181,762)** | (215,399) | (27,989) | (187,410) |
| Deontais Stáit – Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí | *8* | **155,137** | **–** | **155,137** | 170,624 | – | 170,624 |
| Deontais Stáit – deontas sábháilteachta iarnróid | *8* | **12,378** | **–** | **12,378** | 12,772 | – | 12,772 |
| Easnamh don bhliain | *19* | **(36,031)** | **(21,784)** | **(14,247)** | (32,003) | (27,989) | (4,014) |

Baineann na figiúirí go léir le gníomhaíochtaí leantacha an Ghrúpa. Ní raibh aon ghnóthachain ná caillteanais aitheanta eile seachas iad siúd a áiríodh sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Thar ceann an Bhoird

**An Dr J. J. Lynch** Cathaoirleach

**An tUasal P. Gaffney** Stiúrthóir

# Clár Comhardaithe



| **Amhail an 31 Nollaig** | *Nótaí* | **2010** | 2009 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | €000 |
| Sócmhainní seasta | | | |
| Sócmhainní seasta inláimhsithe | *9* | **1,786,445** | 1,702,886 |
| Sócmhainní airgeadais | *10* | **20** | 20 |
| | | **1,786,465** | 1,702,906 |
| Sócmhainní reatha | | | |
| Stoic | *11* | **40,981** | 55,671 |
| Féichiúnaithe | *12* | **88,118** | 122,717 |
| Cúlchnap airgid | | **320** | 286 |
| | | **129,419** | 178,674 |
| Creidiúnaithe (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin) | *13* | **(283,274)** | (263,225) |
| Glandliteanais reatha | | **(153,855)** | (84,551) |
| Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha | | **1,632,610** | 1,618,355 |
| Creidiúnaithe (méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin) | *14* | **(16,165)** | (119,257) |
| Soláthairtí do dhliteanais agus do mhuirir | *16* | **(55,730)** | (57,777) |
| Ioncam iarchurtha | *17* | **(1,438,603)** | (1,382,218) |
| | | **122,112** | 59,103 |
| Maoinithe ag: | | | |
| Caipiteal agus cúlchistí | | | |
| Scairchaipiteal glaoite | *18* | **194,270** | 95,230 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | *19* | **(72,158)** | (36,127) |
| Cistí scairshealbhóirí | *19* | **122,112** | 59,103 |

Thar ceann an Bhoird:

**An Dr J. J. Lynch** Cathaoirleach

**An tUasal P. Gaffney** Stiúrthóir

# Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

| An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig | Nótaí | 2010 | 2009 |
| --- | --- | --- | --- |
| | | €000 | €000 |
| **Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | 20(A) | 11,055 | (40,259) |
| **Fónamh a dhéanamh ar airgeadas** | | | |
| Ús íoctha | 7 | (1,310) | (1,440) |
| Gné úis de chíosanna léasa airgeadais | 7 | (1,358) | (1,740) |
| **Eis-sreabhadh glan airgid ó fhónamh a dhéanamh ar airgeadas** | | (2,668) | (3,180) |
| **Gníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Ceannach sócmhainní inláimhsithe | | (325,709) | (306,568) |
| Díol sócmhainní inláimhsithe | | 214 | 561 |
| Deontais chaipitil | | 342,607 | 321,756 |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | 17,112 | 15,749 |
| **Insreabhadh/(eis-sreabhadh) glan airgid roimh bhainistiú ar acmhainní leachtacha agus maoiniú** | 20(B) | 25,499 | (27,690) |
| **Bainistiú ar acmhainní leachtacha** | 20(B) | (20,645) | 44,268 |
| **Maoiniú** | | | |
| Gné chaipitil de chíosanna léasa airgeadais | | (3,805) | (4,898) |
| **Eis-sreabhadh glan airgid ó mhaoiniú** | 20(B) | (3,805) | (4,898) |
| **Méadú ar airgead sa bhliain** | 20(B) | 1,049 | 11,680 |
| **Réiteach glansreafa airgid go gluaiseacht i nglanchistí** | | | |
| Méadú ar airgead sa bhliain | | 1,049 | 11,680 |
| Insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó iarmhéid cuideachta shealbhaíochta, maoiniú léasa agus tionscadail infheistíochta an NDP arna maoiniú ag CIÉ | | 24,450 | (39,370) |
| Gluaiseacht i nglanfhiach sa bhliain | | 25,499 | (27,690) |
| Gluaiseacht neamhairgid sa bhliain | | 99,040 | 66,026 |
| Glanfhiach amhail an 1 Eanáir | | (90,836) | (129,172) |
| **Glanchistí/(fiach) amhail an 31 Nollaig** | | 33,703 | (90,836) |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

| | **2010** | 2009 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| **1. ANAILÍS RANNÓIGE AR AN gCUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS** | | |
| **(A) Toradh na cuideachta** | | |
| **Easnamh oibriúcháin roimh ús oibriúcháin, deontais Stáit agus míreanna eisceachtúla;** | | |
| **Oibríochtaí iarnróid;** | | |
| Príomhlíne Iarnróid *(nóta 1B)* | **(73,975)** | (69,914) |
| Iarnród fo-uirbeach *(nóta 1C)* | **(22,396)** | (20,210) |
| **Oibríochtaí iomlána iarnróid** | **(96,371)** | (90,124) |
| Fóirdheontas Stáit | **57,419** | 65,923 |
| Deontais d'oibríochtaí iarnróid | **10,268** | 10,419 |
| **Easnamh oibriúcháin roimh ús oibriúcháin agus míreanna eisceachtúla:** | | |
| Oibríochtaí iarnróid | **(28,684)** | (13,782) |
| Cothabháil bonneagair *(nóta 1D)* | **7,271** | 3,912 |
| Lasta iarnróid *(nóta 1E)* | **682** | (1,578) |
| Calafort Ros Láir *(nóta 1F)* | **1,693** | 2,290 |
| Gníomhaíochtaí eile *(nóta 1G)* | **7,280** | 7,801 |
| **Easnamh iomlán oibriúcháin don bhliain roimh ús oibriúcháin agus míreanna eisceachtúla** | **(11,758)** | (1,357) |
| Ús | **(2,668)** | (3,180) |
| Brabús ar dhiúscairt na sócmhainní inláimhsithe | **179** | 523 |
| **Easnamh iomlán oibriúcháin roimh mhíreanna eisceachtúla** | **(14,247)** | (4,014) |
| Costais oibriúcháin eisceachtúla *(nóta 4)* | **(21,784)** | (27,989) |
| **Easnamh don bhliain** | **(36,031)** | (32,003) |

Ní shonraítear aon mhuirear cánach ar thorthaí na bliana mar nach gcuirtear ioncaim áirithe na cuideachta san áireamh le haghaidh cuspóirí cánach.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 1. ANAILÍS RANNÓIGE AR AN gCUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS (ar lean)

### (B) Rannóg na príomhlíne iarnróid

| | 2010 €000 | 2009 €000 |
|---|---|---|
| **Ioncam** | **113,018** | 117,778 |
| **Caiteachas** | | |
| Cothabháil an rothstoic | **(40,607)** | (36,644) |
| Breosla | **(24,082)** | (23,173) |
| Speansas oibriúcháin agus speansais eile | **(113,910)** | (116,667) |
| Dímheas oibriúcháin | **(62,019)** | (47,325) |
| Amúchadh na ndeontas caipitil | **53,625** | 36,117 |
| **Caiteachas iomlán** | **(186,993)** | (187,692) |
| **Easnamh oibriúcháin roimh ús oibriúcháin agus deontais Stáit** | **(73,975)** | (69,914) |

### (C) Rannóg an iarnróid fho-uirbigh

| | 2010 €000 | 2009 €000 |
|---|---|---|
| **Ioncam** | **50,592** | 51,687 |
| **Caiteachas** | | |
| Cothabháil an rothstoic | **(17,677)** | (20,796) |
| Breosla (lena n-áirítear leictreachas le haghaidh tarraingthe) | **(5,091)** | (5,642) |
| Speansas oibriúcháin agus speansais eile | **(39,843)** | (39,847) |
| Dímheas oibriúcháin | **(42,215)** | (36,956) |
| Amúchadh na ndeontas caipitil | **31,838** | 31,344 |
| **Caiteachas iomlán** | **(72,988)** | (71,897) |
| **Easnamh oibriúcháin roimh ús oibriúcháin agus deontais Stáit** | **(22,396)** | (20,210) |

Áirítear a leanas leis na figiúirí um chothabháil an rothstoic in Iarnróid príomhlíne, nóta 1(B) agus in Iarnród fo-uirbeach, nóta 1(C):

| | 2010 €000 | 2009 €000 |
|---|---|---|
| • Muirear dímheasa | **2,539** | 3,337 |
| • Amúchadh na ndeontas | **1,506** | 1,961 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 1. ANAILÍS RANNÓIGE AR AN gCUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS (ar lean)

### (D) Cothabháil an bhonneagair iarnróid

**I gcomhlíonadh Threoir 91/440 ó Chomhairle an AE, ríomhadh na costais a bhaineann le rannóg an bhonneagair iarnróid mar seo a leanas:**

| | 2010 €000 | 2009 €000 |
|---|---|---|
| Cothabháil línte agus oibreacha iarnróid | **(65,012)** | (71,029) |
| Athnuachan línte agus oibreacha iarnróid | **(89,545)** | (68,753) |
| Oibriú (comharthaíocht) agus speansais eile | **(19,946)** | (23,923) |
| Dímheas | **(32,899)** | (26,464) |
| Amúchadh na ndeontas caipitil | **25,300** | 18,275 |
| **Caiteachas iomlán** | **(182,102)** | (171,894) |
| **Easnamh oibriúcháin roimh ús oibriúcháin iníoctha agus deontais Stáit** | **(182,102)** | (171,894) |
| Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí i leith bonneagair | **97,718** | 104,700 |
| Maoiniú sábháilteachta an Státchiste | **2,110** | 2,353 |
| Maoiniú athnuachana | **89,545** | 68,753 |
| Fo-iomlán | **189,373** | 175,806 |
| **Barrachas don bhliain roimh ús oibriúcháin iníoctha** | **7,271** | 3,912 |
| Cionroinnt na gcostas (lena n-áirítear míreanna eisceachtúla) | | |
| **Rannóg na príomhlíne iarnróid** | **144,024** | 141,646 |
| **Rannóg an lasta iarnróid** | **4,589** | 3,732 |
| **Rannóg an iarnróid fho-uirbigh** | **33,489** | 26,516 |
| **Costais iomlána: cothabháil an bhonneagair** | **182,102** | 171,894 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 1. ANAILÍS RANNÓIGE AR AN gCUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS (ar lean)

### (E) Rannóg an lasta iarnróid

| | | |
|---|---|---|
| **Ioncam** | **5,079** | 4,977 |
| Costais oibriúcháin | | |
| Cothabháil feithiclí agus trealaimh | **(1,142)** | (2,381) |
| Breosla | **(485)** | (503) |
| Speansas oibriúcháin agus speansais eile | **(2,607)** | (3,375) |
| Dímheas oibriúcháin | **(163)** | (296) |
| Caiteachas iomlán | **(4,397)** | (6,555) |
| Barrachas/(easnamh) glan don bhliain | **682** | (1,578) |

### (F) Rannóg Chalafort Ros Láir

| | | |
|---|---|---|
| **Ioncam** | | |
| Seirbhísí calafoirt | **10,123** | 10,957 |
| **Costais oibriúcháin** | | |
| Cothabháil, oibriú agus speansais eile | **(7,300)** | (7,785) |
| Dímheas oibriúcháin | **(1,608)** | (1,360) |
| Amúchadh na ndeontas caipitil | **478** | 478 |
| **Caiteachas iomlán** | **(8,430)** | (8,667) |
| **Barrachas oibriúcháin roimh ús iníoctha** | **1,693** | 2,290 |

### (G) Gníomhaíochtaí Eile

| | | |
|---|---|---|
| **Ioncam** | **11,373** | 12,176 |
| **Costais oibriúcháin** | | |
| Speansas oibriúcháin agus speansais eile | **(4,093)** | (4,375) |
| **Caiteachas iomlán** | **(4,093)** | (4,375) |
| **Glanbharrachas don bhliain** | **7,280** | 7,801 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 1. ANAILÍS RANNÓIGE AR AN gCUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS (ar lean)

### (H) Deontais Stáit, maoiniú Státchiste agus an AE

| | 2010 €000 | 2009 €000 |
|---|---|---|
| **Dáilte mar seo a leanas:** | | |
| Oibríochtaí iarnróid | **67,687** | 76,342 |
| Cothabháil an bhonneagair | **189,373** | 175,807 |
| | **257,060** | 252,149 |
| **Foinsí:** | | |
| Fóirdheontas Stáit | **155,137** | 170,624 |
| Deontais sábháilteachta Státchiste agus deontais eile | **12,378** | 12,772 |
| Sábháilteacht faoi mhaoiniú Státchiste agus athnuachan | **74,306** | 68,753 |
| Sábháilteacht faoi mhaoiniú an AE agus athnuachaintí | **15,239** | – |
| | **257,060** | 252,149 |

### (I) Glaneasnamh de réir gníomhaíochta roimh mhíreanna eisceachtúla

| | Tráchtáil €000 | Sóisialta €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|
| **2010** | | | |
| Ioncam | **26,575** | **163,610** | **190,185** |
| Costais | **(16,964)** | **(444,528)** | **(461,492)** |
| Deontais Stáit, maoiniú Státchiste agus an AE | **–** | **257,060** | **257,060** |
| **Easnamh don bhliain** | **9,611** | **(23,858)** | **(14,247)** |
| Glantoradh 2009 | 2,588 | (6,602) | (4,014) |

Áirítear leis na gníomhaíochtaí tráchtála thuas rannóg an lasta iarnróid agus rannóg Chalafort Ros Láir.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

| | 2010 €000 | 2009 €000 |
|---|---|---|
| **2. PÁROLLA AGUS COSTAIS GHAOLMHARA** | | |
| **Costais foirne** | | |
| Pánna agus tuarastail | **243,630** | 252,769 |
| Costais leasa shóisialaigh | **20,710** | 21,358 |
| Costais eile phinsin | **28,394** | 28,667 |
| | **292,734** | 302,794 |
| **Obair féin caipitlithe, athnuachaintí agus obair innealtóireachta do chuideachtaí an ghrúpa** | **(57,985)** | (64,196) |
| **Glanchostais foirne** | **234,749** | 238,598 |
| **Luach saothair na Stiúrthóirí** | | |
| • Seirbhísí mar stiúrthóirí | **68** | 57 |
| • Sochair eile oifige | **110** | 146 |
| **Luach saothair agus sochair oifige na stiúrthóirí san iomlán** | **178** | 203 |
| **Párolla agus costais ghaolmhara san iomlán** | **234,927** | 238,801 |

Áirítear na táillí a leanas leis na seirbhísí mar stiúrthóirí: an tUasal G. Duggan €1,340; an tUasal C. Perry €12,600; an tUasal L. O'Neill €5,636; an tUasal M. P. Gaffney €12,600; an tUasal M. Giblin €12,600; an tUasal D. Smyth €12,600; agus an tUasal L. Baker €10,983.
Tá olltuarastal an C.E.O. go deireadh na bliana 2010 arbh fhiú €331,565 é curtha san áireamh sa Phárolla agus Costais Ghaolmhara thuas chomh maith.

**Tá na speansais seo a leanas san áireamh sna sochair eile oifige:**

| | 2010 €0 | 2009 €0 |
|---|---|---|
| Taisteal Coigríche | **3,582** | 2,786 |
| Cothú agus Cóiríocht | **213** | 4,484 |
| Eile | **906** | 1,940 |



# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 2. PÁROLLA AGUS COSTAIS GHAOLMHARA (ar lean)

| | Líon Foirne | | Líon Foirne | |
|---|---|---|---|---|
| | **2010 Meán** | 2009 Meán | **2010 amhail an 31 Nol. 2010** | 2009 amhail an 31 Nol. 2009 |
| Ba é seo a leanas líon na bhfostaithe de réir gníomhaíochta: | | | | |
| • Oibríochtaí iarnróid | **2,659** | 2,794 | **2,600** | 2,686 |
| • Bonneagar | **1,450** | 1,543 | **1,346** | 1,489 |
| • Lársheirbhísí | **216** | 230 | **203** | 221 |
| • Lasta iarnróid | **18** | 21 | **19** | 18 |
| • Calafort Ros Láir | **88** | 91 | **86** | 85 |
| **Iomlán** | **4,431** | 4,679 | **4,254** | 4,499 |

## 3. ÁBHAIR AGUS SEIRBHÍSÍ

Faightear an t-easnamh don bhliain roimh ús agus deontais Stáit tar éis na nithe seo a leanas a mhuirearú faoi ábhair agus seirbhísí.

| | **2010 €000** | 2009 €000 |
|---|---|---|
| Speansas oibriúcháin agus speansais eile | **66,492** | 68,822 |
| Breosla agus tarraingt leictreach | **26,754** | 36,409 |
| Éilimh dhliteanais tríú páirtí agus fostóra | **5,850** | 3,168 |
| Rátaí | **2,639** | 2,928 |
| Cíosanna léas oibriúcháin | **3,635** | 4,187 |
| | **105,370** | 115,514 |

## 4. COSTAIS OIBRIÚCHÁIN EISCEACHTÚLA

| | **2010 €000** | 2009 €000 |
|---|---|---|
| Athstruchtúrú gnó | **21,784** | 27,989 |

Mar chuid de Phlean Airgeadais 2003, thug an chuideachta clár téarfa agus luathscoir dheonaigh isteach. Is é €22.0 milliún na costais sa bhliain 2010, lena n-áirítear íocaíochtaí téarfa agus costais eile a bhaineann leis an gclár.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 5. DÍMHEAS

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Dímheas *(nóta 9)* | 142,646 | 117,227 |
| Amúchadh na ndeontas caipitil *(nóta 17)* | (113,485) | (89,214) |
| **Dímheas iomlán** | 29,161 | 28,013 |

## 6. BRABÚS AR DHIÚSCAIRT NA SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Brabús ar dhiúscairt na sócmhainní inláimhsithe | 179 | 523 |

## 7. ÚS INÍOCTHA

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ar iasacht ón gcuideachta shealbhaíochta | 1,310 | 1,440 |
| Ar léasanna airgeadais | 1,358 | 1,740 |
| | 2,668 | 3,180 |
| Ús cionroinnte:- | | |
| Costais oibriúcháin | 1,717 | 2,047 |
| Costais bhonneagair iarnróid | 951 | 1,133 |
| | 2,668 | 3,180 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 8. DEONTAIS STÁIT

Tá na deontais atá iníoctha leis an gcuideachta tríd an gcuideachta shealbhaíochta, Córas Iompair Éireann, de réir rialacháin ábhartha an AE a rialaíonn cúnamh Stáit do ghnóthais iompair agus Conarthaí Seirbhíse Poiblí.

Tugtar sonraí na ndeontas Stáit de €587.7 milliún a fuarthas sa bhliain 2010 sa tábla seo a leanas, agus taispeántar rialacháin ábhartha an AE leis. Tugadh suim €90.8 milliún i ndáil le deontais a fuarthas ar fhoirgnimh ar ais chuig an gcuideachta shealbhaíochta.

| | Rialachán an AE, Uimh. | | |
|---|---|---|---|
| | 1370/2007 | 1192/69 | Iomlán |
| **Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí** | €000 | €000 | €000 |
| **Ioncam gaolmhar** | 126,801 | - | 126,801 |
| **Caiteachas gaolmhar** | | | |
| **Príomhlíne iarnróid** | | | |
| Cuntais a normalú | | | |
| • Aicme III (pinsin) | - | 20,554 | 20,554 |
| • Aicme IV (crosairí comhréidhe) | - | 3,839 | 3,839 |
| **Fo-iomlán na Príomhlíne Iarnróid** | - | 24,393 | 24,393 |
| **Seirbhísí fo-uirbeacha** | | | |
| Cuntais a normalú | | | |
| • Aicme III (pinsin) | - | 3,609 | 3,609 |
| • Aicme IV (crosairí comhréidhe) | - | 334 | 334 |
| **Fo-iomlán an Iarnróid Fho-uirbigh** | - | 3,943 | 3,943 |
| **Fo-iomlán an Chaiteachais ghaolmhair** | - | 28,336 | 28,336 |
| **Iomlán** | 126,801 | 28,336 | 155,137 |

| | |
|---|---|
| Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí san iomlán *(nóta 20A)* | 155,137 |
| Deontas Stáit don NDP | 382,518 |
| Cistí iarchurtha iar-CIÉ | 50,022 |
| **Iomlán na ndeontas Stáit a fuarthas** | 587,677 |

**Seo a leanas mar a cuireadh an maoiniú iomlán a fuarthas chun feidhme:**

| | | |
|---|---|---|
| **Cuntas Brabúis agus Caillteanais** | | |
| **Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí** | | 155,137 |
| **Deontas Ioncaim Sábháilteachta Iarnróid** *(nóta 20A)* | | 12,378 |
| **Creidmheas in aghaidh athnuachaintí línte agus oibreacha iarnróid** *[nóta 9 (a)]* | 74,306 | |
| **Ioncam iarchurtha** *(nóta 17)* | 205,082 | |
| **Maoiniú iarchurtha** | 50,022 | |
| **Aistrithe chuig CIÉ do Thalamh agus Foirgnimh** | 90,752 | |
| **Deontas Stáit iomlán don NDP** | | 432,540 |
| **Iomlán** | | 587,677 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 9. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE

| Costas | An 1 Ean. 2010 €000 | Athranguithe €000 | Breiseanna €000 | Traipisí agus Diúscairtí €000 | An 31 Nol. 2010 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Línte agus oibreacha iarnróid | 1,496,416 | – | 134,904 | – | 1,631,320 |
| Rothstoc iarnróid | 1,316,822 | 236 | 91,640 | (11,708) | 1,396,990 |
| Feithiclí lasta bóthair | 3,347 | – | – | (272) | 3,075 |
| Gléasra agus innealra | 876,102 | (236) | 93,871 | (3,002) | 966,735 |
| Trealamh lónadóireachta | 1,130 | – | – | – | 1,130 |
| Dugaí, calafoirt agus calaí | 55,192 | – | 370 | – | 55,562 |
| Talamh agus foirgnimh | 2,533 | – | 342 | – | 2,875 |
| Fo-iomlán | 3,751,542 | – | 321,127 | (14,982) | 4,057,687 |
| Maoiniú a fuarthas do línte agus d'oibreacha iarnróid | (1,064,139) | – | (94,887) | – | (1,159,026) |
| **Iomlán** | 2,687,403 | - | 226,240 | (14,982) | 2,898,661 |

| Dímheas | An 1 Ean. 2010 €000 | Athranguithe €000 | Muirear don Bhliain €000 | Traipisí agus Diúscairtí €000 | An 31 Nol. 2010 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Línte agus oibreacha iarnróid | 1,262,044 | – | 101,473 | – | 1,363,517 |
| Rothstoc iarnróid | 440,838 | – | 83,876 | (11,709) | 513,005 |
| Feithiclí lasta bóthair | 3,347 | – | – | (272) | 3,075 |
| Gléasra agus innealra | 324,372 | – | 50,639 | (2,966) | 372,045 |
| Trealamh lónadóireachta | 1,130 | – | – | – | 1,130 |
| Dugaí, calafoirt agus calaí | 16,365 | – | 1,319 | – | 17,684 |
| Talamh agus foirgnimh | 560 | – | 226 | – | 786 |
| Fo-iomlán | 2,048,656 | – | 237,533 | (14,947) | 2,271,242 |
| Maoiniú a fuarthas do línte agus d'oibreacha iarnróid | (1,064,139) | – | (94,887) | – | (1,159,026) |
| **Iomlán** | 984,517 | – | 142,646 | (14,947) | 1,112,216 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 9. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE (ar lean)

| | 2010 €000 | 2009 €000 |
|---|---|---|
| **Glanmhéideanna leabhair** | | |
| Línte agus oibreacha iarnróid | **267,803** | 234,372 |
| Rothstoc iarnróid | **883,985** | 875,984 |
| Feithiclí lasta bóthair | **–** | – |
| Gléasra agus innealra | **594,690** | 551,730 |
| Trealamh lónadóireachta | **–** | – |
| Dugaí, calafoirt agus calaí | **37,878** | 38,827 |
| Talamh agus foirgnimh | **2,089** | 1,973 |
| **Iomlán** | **1,786,445** | 1,702,886 |

(a) I gcomhlíonadh FRS 15, Sócmhainní Seasta Inláimhsithe, is é an bunús atá le cuntas a thabhairt ar athnuachan línte agus oibreacha iarnróid an deontas a chur do shochar i gcoinne chostas na n-athnuachaintí ar an ngréasán iarnróid.

| | 2010 €000 | 2009 €000 |
|---|---|---|
| **Ba iad seo a leanas an caiteachas athnuachana agus deontais ghaolmhara:** | | |
| Caiteachas athnuachaintí | **89,545** | 68,753 |
| **Maoiniú a fuarthas** | | |
| Deontais Stáit | **74,306** | 68,753 |
| Deontais an AE | **20,581** | – |
| | **94,887** | 68,753 |
| **Maoiniú curtha chun feidhme** | | |
| Caiteachas na bliana reatha | **89,545** | 68,753 |
| Deontas a fuarthas do chaiteachas roimh 2010 | **5,342** | – |
| | **94,887** | 68,753 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 9. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE (ar lean)

(b) Is iad seo a leanas na saolréanna fónta measta de na cineálacha éagsúla sócmhainne chun críocha dímheasa:

| | Saolréanna (Blianta) |
|---|---|
| Línte agus oibreacha iarnród | 10-40 |
| Rothstoc iarnróid | 4-20 |
| Feithiclí lasta bóthair | 1-10 |
| Gléasra agus innealra | 3-30 |
| Dugaí, calafoirt agus calaí | 50 |
| Trealamh lónadóireachta | 5-10 |
| Foirgnimh | 50 |

(c) Áirítear €34,463,231 de mhuirir úis chaipitlithe leis na méideanna atá san áireamh i mbunchostas na sócmhainní inláimhsithe éagsúla a bhaineann le scéim leictrithe iarnróid fho-uirbigh Bhré-Bhinn Éadair a críochnaíodh i 1984.

(d) Áirítear le sócmhainní inláimhsithe sócmhainní bonneagair iarnróid mar seo a leanas:

| | **2010** | 2009 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| Costas | **1,108,064** | 998,899 |
| Dímheas carntha | **(426,492)** | (395,822) |
| Glanluach de réir na leabhar | **681,572** | 603,077 |

(e) San áireamh sna breiseanna thuas tá íocaíochtaí ar cuntas i leith rothstoc iarnróid nach raibh i seirbhís fós:

| | **2010** | 2009 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| Rothstoc iarnróid | **109,441** | 75,599 |

(f) San áireamh i sócmhainní inláimhsithe tá méideanna, mar a luaitear thíos, maidir le rothstoc iarnróid agus gléasra agus innealra a choimeádtar faoi léasanna airgeadais, trína bhfuil úinéireacht thairbhiúil ag an gcuideachta, i.e. na rioscaí agus na luaíochtaí uile a bhaineann le húinéireacht sócmhainne go substaintiúil, seachas an teideal dlí:



# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 9. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE (ar lean)

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Costas | 92,005 | 91,244 |
| Dímheas carntha | (75,782) | (72,956) |
| Glanluach de réir na leabhar | 16,223 | 18,288 |
| Dímheas don bhliain | (2,826) | (10,063) |

## 10. SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Infheistíochtaí trádála – scaireanna liostaithe** | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir | 63 | 63 |
| Soláthar do lagú luacha amhail an 31 Nollaig | (43) | (43) |
| **Glanmhéideanna leabhair amhail an 31 Nollaig** | 20 | 20 |
| **Luach margaidh amhail an 31 Nollaig** | 49 | 49 |

## 11. STOIC

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Rothstoc, páirteanna spártha agus ábhair chothabhála | 21,533 | 20,569 |
| Stoic bhonneagair | 12,638 | 26,933 |
| Breosla, bealaí agus stoic éagsúla eile | 6,810 | 8,169 |
| | 40,981 | 55,671 |

Áirítear páirteanna agus comhchodanna leis na méideanna seo a choimeádtar go riachtanach le freastal ar riachtanais fhadtéarmacha oibriúcháin.

## 12. FÉICHIÚNAITHE

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Féichiúnaithe trádála | 14,784 | 16,424 |
| Méideanna atá dlite ag fochuideachtaí agus comhchuideachtaí sealbhaíochta | 57,892 | 37,247 |
| Deontais infhaighte | 10,043 | 61,619 |
| Féichiúnaithe eile agus ioncam fabhraithe | 5,399 | 7,427 |
| | 88,118 | 122,717 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 13. CREIDIÚNAITHE (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Rótharraingt bhainc | **4,252** | 5,267 |
| Creidiúnaithe trádála | **95,120** | 97,507 |
| Oibleagáidí léasa airgeadais *(nóta 15)* | **4,092** | 3,845 |
| Cáin ioncaim bainte faoi PAYE | **4,955** | 3,703 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasta | **3,937** | 3,465 |
| An Muirear Sóisialta Uilíoch | **638** | - |
| Cáin bhreisluacha agus cánacha eile | **10,943** | 9,907 |
| Creidiúnaithe eile | **9,992** | 14,684 |
| Fabhruithe | **3,087** | 6,970 |
| Soláthar athstruchtúraithe *(nóta 16)* | **16,512** | 16,664 |
| Éilimh dhliteanais tríú páirtí agus fostóra *(nóta 16)* | **4,454** | 2,195 |
| Ioncam iarchurtha *(nóta 17)* | **125,292** | 99,018 |
| | **283,274** | 263,225 |
| Creidiúnaithe do chánachas agus leas sóisialach san áireamh thuas | **20,473** | 17,075 |

## 14. CREIDIÚNAITHE (méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin)

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Oibleagáidí léasa airgeadais *(nóta 15)* | **16,165** | 20,217 |
| Iasacht ón gCuideachta Shealbhaíochta | **–** | 99,040 |
| | **16,165** | 119,257 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 15. OIBLEAGÁIDÍ LÉASA

| | 2010 €000 | 2009 €000 |
|---|---|---|
| **(A) Léasanna airgeadais** | | |
| Tá glanoibleagáidí faoi léasanna airgeadais dlite mar seo a leanas: | | |
| Laistigh de bhliain amháin *(nóta 13)* | 4,092 | 3,845 |
| Idir bliain amháin agus cúig bliana *(nóta 14)* | 16,165 | 17,919 |
| I ndiaidh cúig bliana *(nóta 14)* | – | 2,298 |
| | 16,165 | 20,217 |
| | 20,257 | 24,062 |
| **(B) Léasanna oibriúcháin** | | |
| Éagann ceangaltais faoi léasanna oibriúcháin iníoctha nach bhféadfaí a chur ar ceal mar seo a leanas: | | |
| Laistigh de bhliain amháin | 1,048 | 1,570 |
| Idir bliain amháin agus cúig bliana | 1,026 | 1,514 |
| | 2,074 | 3,084 |

## 16. SOLÁTHAIRTÍ DO DHLITEANAIS AGUS DO MHUIRIR

| | Soláthar Athstruchtúraithe €000 | Éilimh Dhliteanais an Tríú Páirtí agus an Fhostóra €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2010 | 16,664 | 59,972 | 76,636 |
| Úsáidte le linn na bliana | (21,891) | (5,638) | (27,529) |
| Aistriú ón gcuntas brabúis agus caillteanais | | | |
| Mír eisceachtúil | 21,784 | – | 21,784 |
| Eile | (45) | 5,850 | 5,805 |
| Iarmhéid tugtha ar aghaidh | 16,512 | 60,184 | 76,696 |
| Lúide an méid a rangaítear mar dhliteanas reatha *(nóta 13)* | (16,512) | (4,454) | (20,966) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2010 | – | 55,730 | 55,730 |

Déantar aon chaillteanais nach gclúdaítear le hárachas seachtrach a mhuirear chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais agus tá méideanna nach bhfuil socraithe san áireamh sa soláthar do dhliteanais agus do mhuirir. Aistríodh soláthairtí a tháinig ar aghaidh ó bhlianta eile chuig an gCuntas Brabúis agus Caillteanais sa mhéid agus a mheastar go soláthraíodh iad an iomarca i bhfianaise na n-éileamh a rinneadh le tamall anuas.

## 16. SOLÁTHAIRTÍ DO DHLITEANAIS AGUS DO MHUIRIR (ar lean)

### (A) Clúdach Seachtrach Árachais

Tá an clúdach seachtrach árachais seo a leanas ag an mBord:

(i) Iarnród Éireann-Irish Rail; Dliteanas Tríú Páirtí os cionn

(a) €5,000,000 d'aon tarlú amháin nó do shraith tarluithe mar thoradh ar aon eachtra iompair iarnróid amháin agus

(a) €1,500,000 d'aon tarlú amháin nó do shraith tarluithe mar thoradh ar aon eachtra iompair bóthair amháin, ach amháin i gcás éileamh faoi réir dhlínse na Stát Aontaithe nuair a bhíonn an barrachas cothrom le US$3,300,000.

(ii) Grúpa

Dliteanas Tríú Páirtí os cionn €150,000 d'aon tarlú amháin nó do shraith tarluithe mar thoradh ar eachtraí Rioscaí Eile, ach amháin

(a) ag Bóthar Osraí, Baile Átha Cliath i gcás damáiste ó thuilte, nuair a bhíonn an barrachas cothrom le €1,000,000 ar bhonn neamhrangaithe, agus

(b) aon damáiste eile ó thuilte nuair a bhíonn an barrachas cothrom le €250,000.

(c) aon éilimh faoi réir dhlínse Stáit Aontaithe Mheiriceá nuair a bhíonn an barrachas cothrom le US$150,000.

(iii) Ina theannta sin, tá clúdach comhiomlán ag gach ceann de na fochuideachtaí laistigh den Ghrúpa don tréimhse dhá mhí dhéag idir Aibreán 2010 agus Márta 2011, i ndáil le dliteanais tríú páirtí iompair iarnróid agus bóthair sa bhreis ar scair choinneála féin-árachais mar seo a leanas:

Iarnród Éireann-Irish Rail €11,000,000

faoi réir scair fhoriomlán choinneála féin-árachais an Ghrúpa arb ionann í agus €27,000,000 i bhfigiúr comhiomlán na bliana ina mbeidh aon scair aonair choinneála féin-árachais sa tréimhse bhliantúil sin cothrom le €50,000 ina dhiaidh.

(iv) Maidir le hÁrachas Comhcheangailte Dliteanais Grúpa, lena n-áirítear dliteanas Sceimhlitheoireachta, is ionann slánaíocht fhoriomlán agus €200,000,000 don tréimhse dhá mhí dhéag idir Aibreán 2010 agus Márta 2011, le haghaidh dliteanais iompar iarnróid agus bóthair, Tríú Páirtí agus Rioscaí Eile.

(v) Gach riosca, lena n-áirítear damáiste stoirme, lena ngabhann slánaíocht €200,000,000 i ndáil le maoin an Ghrúpa os cionn €1,000,000 ar aon chaillteanas amháin nó sraith caillteanas, leis an mbarrachas bliantúil gan dul thar €5,000,000 san iomlán ina mbeidh aon bharrachas aonair féin-árachais sa tréimhse bhliantúil sin cothrom le €100,000 ina dhiaidh.

(vi) Is é €200,000,000 an clúdach slánaíochta sceimhlitheoireachta don Ghrúpa lena ngabhann barrachas €500,000 i ndáil le rothstoc bóthair agus iarnróid agus €150,000 i ndáil le damáiste eile maoine, do gach ceann de na caillteanais.

(vii) Tá an clúdach seachtrach seo a leanas ag Iarnród Éireann i ndáil lena n-oibríochtaí ag Calafort Ros Láir:

(a) Clúdach Muirí Dliteanais Tríú Páirtí €12,500,000 d'aon eachtra amháin, ach gan teorainn i rith thréimhse an pholasaí, faoi réir barrachas €150,000 i ndáil le gach eachtra.

(b) Clúdach Bainte Raice €5,000,000 d'aon eachtra amháin, faoi réir barrachas €12,500 d'aon eachtra amháin agus barrachas 3 lá i ndáil le héilimh do Chaillteanas Ioncaim d'aon eachtra amháin.

(c) Clúdach Caillteanas Ioncaim €25,500 sa lá ar feadh uasmhéid 30 lá d'aon eachtra amháin, faoi réir barrachas seacht lá d'aon eachtra amháin.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

(d) Clúdach Tionchair Mhuirí do struchtúir liostaithe atá cothrom le €38,575,000, faoi réir barrachas €25,000 do gach ceann de na caillteanais.

(e) Clúdach Muirí Dliteanais Tríú Páirtí agus Barrachas €25,600,000 d'aon eachtra amháin sa bhreis ar €12,500,000 d'aon eachtra amháin.

(f) Clúdach Leantóirí gan Tionlacan €5,000,000 d'aon láthair amháin, faoi réir barrachas €25,000 do gach ceann de na caillteanais.

(g) Mótarfheithiclí gan tionlacan €635,000 d'aon árthach amháin nó tíolacas, €4,450,000 d'aon eachtra amháin, agus €127,500 d'aon fheithicil amháin, faoi réir barrachas €625 do gach ceann de na caillteanais.

(h) Feithiclí inneallghluaiste gan tionlacan nach bhfuil faoi úinéireacht CIÉ/Iarnród Éireann a bhíonn á dtiomáint ag pearsanra Iarnród Éireann laistigh de limistéar Chalafort Ros Láir, faoi réir theorainneacha tríú páirtí €2,600,000 maidir le dochar do réadmhaoin i leith feithiclí tráchtála agus €30,000,000 i leith carranna príobháideacha.

### (B) Soláthairtí agus gnóthuithe gaolmhara um éilimh dhliteanais tríú páirtí agus fostóra

Déantar soláthar ag deireadh na bliana do chostas measta na ndliteanas a thabhaítear ach nach mbíonn socraithe ag dáta an chláir chomhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh a thabhaítear ach nach mbíonn tuairiscithe (IBNR) don chuideachta go fóill. Áirítear le costas measta na n-éileamh speansais a thabhófar go seachtrach le linn éilimh a bhainistiú, ach ní áirítear forchostais inmheánacha na dtáillí bainistíochta éileamh. Glacann an chuideachta na céimeanna réasúnta uile le cinntiú go mbíonn an fhaisnéis oiriúnach acu i dtaobh a gcuid neamhchosaintí éilimh. Ar a shon sin, mar gheall ar an neamhchinnteacht a ghabhann le soláthairtí éilimh a bhunú, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dliteanas bunaidh a bunaíodh.

Maidir le ríomh chostas measta na ndliteanas féideartha neamhíoctha, ríomhann an chuideachta luachálacha aonair comhad a mbíonn soláthairtí teagmhasacha curtha leo le cabhair ó chomhairle achtúireach sheachtrach. Tá samhail mhatamaiticiúil an achtúire bunaithe go ginearálta ar anailís staitistiúil an eispéiris stairiúil; glactar leis go mbeidh patrún forbartha na n-éileamh reatha comhsheasmhach lenar tharla roimhe seo. Cuirtear san áireamh, áfach, athruithe nó neamhchinnteachtaí a d'fhéadfadh na staitisticí bunúsacha a chur as a riocht nó a d'fhéadfadh na dliteanais fhéideartha a mhéadú nó a laghdú nuair a chuirtear i gcomparáid iad le costas na n-éileamh a socraíodh roimhe sin lena n-áirítear, mar shampla, athruithe ar an timpeallacht dhlíthiúil, éifeachtaí boilscithe, athruithe ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin agus tionchar na gcaillteanas mór.

Maidir le meastachán a dhéanamh ar chostas na n-éileamh a fógraíodh ach a bhíonn gan íoc, bíonn aird ag an gcuideachta ar imthosca timpiste arna gcruthú ag imscrúduithe, ar aon fhaisnéis a bhíonn ar fáil ó shaineolaithe dlí nó ó shaineolaithe eile agus ar fhaisnéis maidir le fasaigh chúirte ar dhliteanais lena mbaineann tréithe comhchosúla i dtréimhsí roimhe sin. Déantar timpistí a bhíonn thar a bheith tromchúiseach a mheas ar leithligh ó na meáin a léiríonn an tsamhail achtúireach.

Bíonn meastachán éilimh IBNR faoi réir níos mó neamhchinnteachta ná an dliteanas measta d'éilimh a bhíonn curtha in iúl cheana don chuideachta, mar gheall ar an easpa faisnéise faoi ócáid an éilimh, ach amháin sna cásanna sin ina mbíonn imscrúdaitheoirí glaoite chuig láithreacha na dtimpistí. Is gnách go léireoidh cineálacha éilimh a bhfuil críoch forbartha níos faide ag baint leo, agus ina bhfuil an cion IBNR den chúlchiste iomlán sách ard dá bhrí sin, éagsúlachtaí níos mó idir meastacháin tosaigh agus na torthaí deiridh mar go mbaineann níos mó deacrachta le meas na gcúlchistí sin.

Ríomhtar soláthairtí d'éilimh mar ollmhéid d'aon aisghabhálacha athárachais. Glactar leis go mbíonn aisghabhálacha athárachais i ndáil le héilimh mheasta IBNR ag teacht leis an bpatrún stairiúil d'aisghabhálacha den sórt sin, arna gcoigeartú chun athruithe ar nádúr agus ar mhéid chlár athárachais na cuideachta le himeacht ama a léiriú. Déantar measúnú freisin ar in-aisghabhálacht aisghabhálacha athárachais ag féachaint d'fhógra ó bhróicéirí na cuideachta maidir le haon athárachóirí atá i mbun tréimhse díscoir.

## 17. IONCAM IARCHURTHA

Mar seo a leanas atá an cuntas seo, ina bhfuil deontais neamh-inaisíoctha an AE, deontais Stáit agus ioncam iarchurtha eile a chuirfear chun sochair an chuntais bhrabúis agus chaillteanais ar an mbonn céanna agus a dhéantar na sócmhainní seasta gaolmhara a dhímheas (beartas cuntasaíochta F):

| | An 1 Ean. 2010 €000 | Aistrithe agus Scor €000 | Faighte agus Infhaighte €000 | Amúchta don Chuntas Brabúis agus Caillteanais €000 | An 31 Nol. 2010 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Deontais Chaipitil** | | | | | |
| Talamh agus foirgnimh | 296 | – | 999 | (116) | 1,179 |
| Línte agus oibreacha iarnróid | 203,693 | – | 45,503 | (6,250) | 242,946 |
| Rothstoc iarnróid | 806,956 | – | 65,929 | (68,993) | 803,892 |
| Gléasra agus innealra | 456,224 | – | 83,713 | (37,736) | 502,201 |
| Dugaí, calafoirt agus calaí | 13,017 | – | – | (355) | 12,662 |
| **Iomlán na ndeontas caipitil** | 1,480,186 | – | 196,144 | (113,450) | 1,562,880 |
| **Ioncam iarchurtha eile** | 1,050 | – | – | (35) | 1,015 |
| **Iomlán** | 1,481,236 | – | 196,144 | (113,485) | 1,563,895 |

| **Léirithe mar:** | 2010 €000 | 2009 €000 |
|---|---|---|
| Ioncam iarchurtha – méideanna dlite laistigh de bhliain amháin *(nóta 13)* | 125,292 | 99,018 |
| Ioncam iarchurtha – méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin | 1,438,603 | 1,382,218 |
| | 1,563,895 | 1,481,236 |

Scaoilfear na deontais a fuarthas faoin gClár Infheistíochta um Shábháilteacht Iarnróid, faoin NDP agus faoi Iompar 21 chuig brabús agus caillteanas de réir na gClár Infheistíochta um Shábháilteacht Iarnróid.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 18. SCAIRCHAIPITEAL

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Údaraithe: | | |
| Gnáthscaireanna €1.2697 an ceann | 194,270 | 95,230 |
| **Leithroinnte, glaoite agus íoctha go hiomlán** | | |
| **Ag tús na bliana** | 95,230 | 29,204 |
| **Scaireanna eisithe** | 99,040 | 66,026 |
| Gnáthscaireanna €1.2697 an ceann ag deireadh na bliana | 194,270 | 95,230 |

Méadaíodh scairchaipiteal eisithe na cuideachta faoi 78 milliún scair, €99m. Eisíodh na scaireanna seo chuig CIÉ agus íocadh astu trí iasacht idirchuideachta a fuarthas nuair a bunaíodh an chuideachta a laghdú go comhréireach.

## 19. RÉITEACH GLUAISEACHTAÍ I gCISTÍ SCAIRSHEALBHÓIRÍ COTHROMAIS

| | Scairchaipiteal Glaoite Cothromais | Cuntas Brabúis agus Caillteanais | Cistí Iomlána Scairshealbhóirí |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh | 95,230 | (36,127) | 59,103 |
| Eisiúint scaireanna nua | | | |
| Glaoite agus íoctha go hiomlán | 99,040 | – | 99,040 |
| Easnamh don bhliain | – | (36,031) | (36,031) |
| **Iarmhéid deiridh** | 194,270 | (72,158) | 122,112 |

## 20. RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID

### (A) Réiteach easnaimh chuig glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Easnamh roimh dheontais Stáit agus fónamh a dhéanamh ar airgeadas agus dá éis agus scaoileadh soláthairtí, etc. | (200,878) | (212,219) |
| Deontais Stáit seachas iad sin a chuirtear le hathnuachaintí | 167,515 | 183,396 |
| Easnamh don bhliain roimh fhónamh a dhéanamh ar airgeadas | (33,363) | (28,823) |
| Brabús ar dhiúscairt na sócmhainní inláimhsithe | (179) | (523) |
| Dímheas | 142,646 | 117,227 |
| Amúchadh na ndeontas caipitil *(nóta 17)* | (113,485) | (89,214) |
| Laghdú/(méadú) ar stoic | 14,690 | (9,344) |
| Laghdú/(Méadú) ar fhéichiúnaithe | 3,668 | (5,918) |
| (Laghdú)/méadú ar chreidiúnaithe agus ar sholáthairtí | (2,922) | (23,664) |
| **Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | 11,055 | (40,259) |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 20. RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID (ar lean)

| (B) Anailís ar ghlanchistí | Amhail an 1 Ean. 2010 €000 | Gluaiseacht neamhairgid €000 | Sreabhadh airgid €000 | Amhail an 31 Nol. 2010 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Airgead ar láimh | 286 | - | 34 | 320 |
| Rótharraingt bhainc | (5,267) | - | 1,015 | (4,252) |
| Iasachtaí | (99,040) | 99,040 | - | - |
| Léasanna airgeadais | (24,062) | - | 3,805 | (20,257) |
| Iarmhéid idirghrúpa | 37,247 | - | 20,645 | 57,892 |
| | (90,836) | 99,040 | 25,499 | 33,703 |

Is éard is acmhainní leachtacha ann méideanna atá dlite ag fochuideachtaí agus comhchuideachtaí sealbhaíochta, a léiríonn airgead a ghintear agus nach dteastaíonn láithreach d'oibríochtaí, agus a chuirtear ar fáil do chuideachtaí grúpa eile, agus atá inaisíoctha ar éileamh.

## 21. PINSIN

Tá fostaithe Iarnród Éireann ina mbaill de scéimeanna pinsin Ghrúpa Chóras Iompair

Éireann. Feidhmíonn Grúpa Chóras Iompair Éireann dhá scéim pinsin le sochar sainithe a chlúdaíonn formhór na bhfostaithe. Tá an dá cheann acu á maoiniú ag ranníocaíochtaí ón ngrúpa agus ó na baill.

Cinneann achtúire neamhspleách cáilithe na ranníocaíochtaí ar bhonn luachálacha tríbhliantúla trí úsáid a bhaint as modh an aonaid réamh-mheasta. Ní féidir scaireanna duine aonair i sócmhainní agus i ndliteanais scéim pinsin Ghrúpa Chóras Iompair Éireann a shainaithint, ar bhonn comhsheasmhach agus réasúnta mar fiú dá mbeifí in ann baill neamhghníomhacha a leithdháileadh thar fhochuideachtaí bunaithe ar an lá deireanach fostaíochta, d'fhéadfadh go raibh fostaithe ag obair do níos mó ná fochuideachta amháin. Dá bhrí sin, ní féidir a shainaithint cé leis an dliteanas (agus an tsócmhainn chomhfhreagrach) do na tréimhsí leanúnacha fostaíochta. Cuireadh na ranníocaíochtaí i ndáil leis na scéimeanna seo san áireamh, amhail is gur scéim shainithe ranníocaíochta a bhí ann mar a cheadaítear in FRS 17 – 'Sochar Scoir', ag cuideachtaí Ghrúpa Chóras Iompair Éireann.

Léirigh na luachálacha achtúireacha is déanaí ar na scéimeanna do sholáthar FRS 17 amhail an 31 Nollaig 2010 go raibh easnamh €348.7 milliún sna scéimeanna.

Ba é €28.39 milliún an costas pinsin don bhliain ar na scéimeanna le sochar sainithe; áirítear na costais seo i nóta 2.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)



## 22. CEANGALTAIS CHAIPITIL

| | Ar conradh le haghaidh | Údaraithe ag na stiúrthóirí, ach gan a bheith ar conradh le haghaidh |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| 2010 | | |
| Laistigh de bhliain amháin | 41,887 | 234,721 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | 750 | 161,619 |
| | 42,637 | 396,340 |
| **Arb é an méid maoinithe:** | 40,799 | 349,784 |
| 2009 | | |
| Ceangaltais iomlána chaipitil | 165,705 | 454,348 |

## 23. DLITEANAIS THEAGMHASACHA

### (A) Dlíthíocht ar Feitheamh

Ó am go chéile, bíonn an chuideachta ina bpáirtí in imeachtaí éagsúla dlí. Is é tuairim na stiúrthóirí nach mbeidh caillteanais, más ann dóibh, a éiríonn as baint leis na nithe sin de bhreis ar sholáthairtí a rinneadh sna ráitis airgeadais go hábhartha.

### (B) Léasanna Airgeadais

Faoi théarmaí na léasanna airgeadais, tá dliteanais theagmhasacha ann ina mbeidh athruithe ábhartha ar chánachas a mbeidh tionchar acu ar dhliteanas cánach an léasóra i leith ioncam léasa á bhfritháireamh ag coigeartuithe cuí ar chíosanna léasa.

## 24. IDIRBHEARTA PÁIRTÍ GHAOLMHAIR

Is páirtithe gaolmhara den chuideachta iad aonáin faoi smacht Rialtas na hÉireann de bhua smacht Rialtas na hÉireann ar an máthairchuideachta, Córas Iompair Éireann.

I ngnáthchúrsa gnó, ceannaíonn an chuideachta earraí agus seirbhísí ó aonáin arna rialú ag Rialtas na hÉireann; áirítear leis na príomhchinn acu sin BSL, an Post agus Bord Gáis. Tá na stiúrthóirí den tuairim nach bhfuil candam de na ceannacháin seo bainteach le gnó na cuideachta.

Tugann ráitis airgeadais Chóras Iompair Éireann an fhaisnéis atá ag teastáil faoi Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais Uimh. 8 a bhaineann le hidirbhearta idir an chuideachta, a bhfochuideachtaí agus Rialtas na hÉireann.

## 25. BALLRAÍOCHT I nGRÚPA CHÓRAS IOMPAIR ÉIREANN

Is ball iad Iarnród Éireann-Irish Rail de Ghrúpa cuideachtaí Chóras Iompair Éireann (an Grúpa) agus léiríonn na ráitis airgeadais éifeachtaí ballraíochta sa Ghrúpa.

Tá Dubel Limited, atá ina bhfochuideachta faoi lánúinéireacht Iarnród Éireann-Irish Rail, corpraithe i dTuaisceart Éireann agus tá oifigí cláraithe acu ag Central Station, East Bridge Street, Béal Feirste.

## 26. FORMHEAS NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhormheas na stiúrthóirí na ráitis airgeadais an 29 Márta 2011.

Iarnród Éireann